

Tuarascáil Bhliantúil 2009



1.	Brollach	3
2.	Daonlathas Áitiúil	4
3.	FIONTRAÍOCHT POBAIL, ÁINEAS, CULTÚR AGUS OIDHREACTH	9
4.	SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA	16
5.	FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA AGUS NUÁLAÍOCHT	21
6.	SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL	25
7.	TITHÍOCHT	33
8.	ACHMHAINNÍ DAONNA	36
9.	TEICNEOLAÍOCHT AN EOLAIS	39
10.	INFRASTRUCHTÚR	40
11.	PLEANÁIL	43
12.	COMHAIRLÍ BAILE	46
13.	Aguisín 1: Coistí Um Beartas Straitéiseacha	53
14.	Aguisín 2: Gníomhaíochtaí na gCoistí um Beartais Straitéiseacha 2009	55
15.	Aguisín 3: Coistí	56
16.	Aguisín 4: Comhdhálacha in Éirinn	60
17.	Aguisín 5: Comhdhálacha Thar Lear	62
18.	APPENDIX 5: Cruinnithe de Chomhairle Contae na Mí - 2009	62
19.	Aguisín 6: Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2009	63

1. Brollach

Cothaíonn foilsiú na tuarascála seo deis chun eolas a léiriú agus a sholáthar ar an méid atá bainte amach agus ar an dul chun cinn atá déanta ag Údarás Áitiúla na Mí maidir leis an raon leathan seirbhísí éagsúla a chuireann siad ar fáil. Tá an dul chun cinn a rinneadh ó thaobh na dtionscadal infrastruchtúir éagsúla a chur chun cinn lena n-áirítear bóithre, uisce, séarachas, tithíocht, comhshaol mionsonraithe in ailt éagsúla sa tuarascáil seo.

Bunaíodh Comhairle Chontae nua agus Comhairlí Baile nua san Uaimh, i mBaile Átha Troim agus i gCeanannas Mór mar thoradh ar Thoghcháin Áitiúla 2009. Déanaimid comhghairdeas agus cuirimid fáilte roimh ár gComhairleoirí nuathofa agus tugaimid aitheantas d'obair chrua agus do sheirbhís na gComhairleoirí sin nár éirigh leo agus iad sin a d'éirigh as oifig.

Ullmhaíodh Plean Nua Corparáideach don tréimhse 2009 – 2014 i gcomhairle le saoránaigh an chontae, leis na Comhairleoirí tofa, leis an mBord Forbartha Contae agus le lucht bainistíochta agus le Foireann Údarás Áitiúla Chontae na Mí. Is iad na sé chuspóir leathana ar fud na heagraíochta atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach ná:

1. Íomhá dhearfach de Chontae na Mí mar áit chónaithe, mar cheann scribe turasóireachta idéalach agus mar thogha de láthair gnó d'infheisteoirí a chur chun cinn.
2. Seirbhísí éifeachtacha agus éifeachtúlacha a sheachadadh dár gcuid saoránach.
3. Bonneagar sóisialta agus fisiciúil Chontae na Mí a phleanáil agus a fhorbairt chun ár bpobail a láidriú.
4. Fás eacnamaíochta inbhuanaithe agus deiseanna fostaíochta a éascú agus a spreagadh.
5. Tacú le rannpháirtíocht pobail agus daonlathas áitiúil agus iad a chur chun cinn.
6. Ár mbailte a fhorbairt mar ionaid inmharthana, pobail agus tráchtála.

I rith 2009, thug Comhairle Chontae na Mí aghaidh ar na dúshláin a bhain leis an gcúlú eacnamaíochta agus lean ag cur seirbhísí éifeachtacha d'ardchaighdeán ar fáil le foireann oibre níos lú agus ioncam islithe. Bíonn brú ar ár gcuid saoránach ar fad agus iad ag iarraidh déileáil le haeráid eacnamaíochta a bhíonn ag athrú seasta agus tá Comhairle Chontae na Mí tiomanta tacú le pobail trí oibriú i gcomhpháirtíocht leo agus rannpháirtíocht i bhforbairt clár cultúrtha agus comhshaoil a spreagadh agus uillechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn.

Leanann Comhairle Chontae na Mí ar aghaidh ag diriú ar fhorbairt eacnamaíochta agus ar chur chun cinn Chontae na Mí mar phríomhshuíomh le haghaidh infheistíocht a mhealladh isteach ann. Is tosaíocht é infheistíocht a mhealladh go Contae na Mí agus is é ár n-aidhm an Mhí a chur chun cinn, ní hamháin, mar Phríomhchontae Oidhreachta na hÉireann ach mar phríomhionad comhdhála, mar cheann scribe turasóireachta idéalach agus mar thogha de láthair gnó d'infheisteoirí.

Ní fhéadfaí an méid atá léirithe sa Tuarascáil Bhliantúil seo a bheith bainte amach gan cúnamh ó Chomhairleoirí, Chathaoirligh agus Chomhaltáí na gCoistí Polasáí Straitéisigh, Coistí Ceantar, an Fhoireann Bainistíochta agus an Fhoireann, in éineacht le tacaíocht ó na heagraíochtaí deonacha agus pobail. Is féidir, agus tabharfar le tiomantás leanúnach chách, aghaidh ar na dúshláin atá fós ós comhair ár gContae, agus táimid ag tnúth aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin le chéile sa bhliain amach romhainn.

Willie Carey
Cathaoirleach

Tom Dowling
County Manager





2. Daonlathas Áitiúil

	Electoral Area	Name	Address	Politicical	Phone No.	Email
	Dunshaughlin	Cllr. Regina Doherty	2 Glebe Park, Ratoath	Fine Gael	01 8257204 087 2680182	Regina.doherty@finegael.ie
		Cllr. Joseph Bonner	Donaghmore, Ashbourne.	Non-Party	0879749563	Jbonner@members.meathco.co.ie
		Cllr. Niamh McGowan	3 Hunter's Lane, Ashbourne	Labour	086 2244666	Niamhformeath@gmail.com
		Cllr. Brian Fitzgerald	Warrenstown, Kilcock.	Non-Party	01 8251847 087 2508247	Briannfitzgerald@yahoo.com
		Clr. Nick Killian	Ballybin, Ratoath, Ashbourne	Fianna Fáil	01 8256700 086 8109018	Nkillian@members.meathco.co.ie
		Cllr. Noel Leonard	4 St. Patrick's Park, Dunboyne	Fianna Fáil	01 8251216 087 2345186	Nleonard@members.meathco.co.ie
		Cllr Maria Murphy	3 The Close, Lutterell Hall, Dunboyne	Fine Gael	01 8252182 087 6579895	mariacmurphy@eircom.net

	Kells	Cllr. John V. Farrelly	Hurdlestown, Kells.	Fine Gael	046 9241290 046 9073737 086 2585154	Remaxroyalcounty@eircom.net
		Cllr. Catherine Yore	The Rock, Rathendrick, Carnaross, Kells	Fine Gael	046 9245047 086 3919003	catherineannyore@hotmail.com
		Cllr. Eugene Cassidy	Possextown, Nobber	Fine Gael	046 9052116 086 3717686	ecassidy@members.meathco.co.ie
		Cllr. Oliver Fox	Cogan St, Oldcastle	Fianna Fáil	049 8542774 087 2795741	Johnoliverfox@gmail.com
		Cllr. Bryan Reilly	Rockfield Road, Kells	Fianna Fáil	046 9240122 086 2599184	bryan@bryanreillyauctioneers.com

	Navan	Cllr. Francis Deane	5 Blackwater Drive, Navan	Non-Party	046 9023696 046 9022587 086 1234856	fideane1@eircom.net
		Cllr. Shane Cassells	52 Oakleigh, Navan	Fianna Fáil	01 8407107 086 3399198	Scassells@members.meathco.co.ie
		Cllr. Suzanne Jamal	Flemington, Balrath, Navan	Fine Gael	041 9825567 087 7971297	suzjamal@hotmail.com
		Cllr. Jim Holloway	Farganstown, Navan	Fine Gael	046 9028661 086 2355236	Jholloway@members.meathco.co.ie
		Cllr. Jenny McHugh	Laracor, Trim	Labour	046 9431775 086 0414217	jenny.mchugh@gmail.com
		Cllr. Joe Reilly	Faughan Hill, Bohermeen, Navan	Sinn Fein	046 9028392 046 9021345 087 2478508	Joereilly@members.meathco.co.ie
		Cllr. Tommy Reilly	Ardsallagh, Navan	Fianna Fáil	046 9027588 087 7450149	tommyreilly@members.meathco.co.ie

	Slane	Cllr. Sirena Campbell	Smithstown, Julianstown	Fine Gael	087 6444681	Sirena.campbell@ireland.com
		Cllr. Jimmy Cudden	23 St Cianan's Villas, Duleek	Non-Party	041 9823353 086 8246484	Jcudden@members.meathco.co.ie
		Cllr. Ann Dillon-Gallagher	Loughbracken, Drumconrath, Navan	Fine Gael	041 6854487 086 8800866	adgallagher@members.meathco.co.ie
		Cllr. Eoin Holmes	Blackhill, Heathstown, Stanmullen.	Labour	087 2242 765	eholmes@members.meathco.co.ie
		Cllr. Seamus O'Neill	Main St, Duleek	Non-Party	041 9823467 086 8548183	seamusoneill2@eircom.net
		Cllr. Wayne Harding	The Village Inn, Slane	Fianna Fáil	041 9824230 087 7446730	waynemharding@gmail.com

	Trim	Cllr. William Carey	Newcastle, Enfield	Fine Gael	046 9541064 085 7135073	<a href="mailto:Wcarey@members.m
eathcoco.ie">Wcarey@members.m eathcoco.ie
		Cllr. Jimmy Fegan	Clonfane, Trim	Fianna Fáil	046 9431146 087 8304646	<a href="mailto:Jfegan@members.me
athcoco.ie">Jfegan@members.me athcoco.ie
		Cllr. Ray Butler	7 Swift Court, Trim	Fine Gael	046 9437589 086 1012088	<a href="mailto:raybutlertrim@eircom
.net">raybutlertrim@eircom .net
		Cllr. Tracy McElhinney	Ballivor	Labour	046 9567641 086 8781785	<a href="mailto:tracyloughlin@hotmail
.com">tracyloughlin@hotmail .com

3. FIONTRAÍOCHT POBAIL, ÁINEAS, CULTÚR AGUS OIDHREACTH

Tá freagracht ar an Rannóg Fiontraíochta, Pobail, Áineasa, Cultúir agus Oidhreachta do:

- Bhord Forbartha Chontae na Mí
- Forbairt Fiontair agus Pobail
- Tionscnaimh Pride of Place
- Scéim Deontas Pobail/Saoráidí taitneamhachta agus fóillíochta, Áineas, Pobal
- Oidhreacht
- Na hEalaíona
- Seirbhís Leabharlainne
- Clár 'Rapid'
- Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí

3.1. Bord Forbartha Chontae na Mí

Chas Bord Forbartha Chontae na Mí le chéile ceithre huairé i 2009. I ndiaidh athbhreithniú ar cháipéis straitéise an Bhoird "*Meath in Transition*", d'ullmhaigh an Bord Forbartha cáipéis darbh ainm "An Mhí Ag Obair Le Chéile / Meath Working Together 2009 – 2012" athbhreithniú ar *Le Chéile – An Integrated Strategy for Meath to 2012 and Meath in Transition 2005 – 2008*.

Ba iad tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí na Straitéise ná:

- Oiliúint & Forbairt
- Forbairt Eacnamaíochta
- Forbairt Inbhuanaithe
- Uilechuimsitheacht Shóisialta
- Cur i bhfeidhm agus Monatóireacht ar an bPlean

Ag leanúint ar aghaidh ó na moltaí a leagadh amach in athbhreithniú Indecon ar CDBanna, bunaíodh fochoiste Fóram Eacnamaíochta Mí Márta 2009. Ceann de phríomhghníomhaíochtaí an Fhórait ná Anailís Riachtanas Oiliúna do Chontae na Mí a ullmhú. Bunaíodh grúpa idirghníomhaireachta i Meitheamh 2009 chun díriú ar na riachtanais atá ag daoine i gContae na Mí ó thaobh lorg fostaíochta.

3.2. Forbairt Pobail

3.2.1. Bunachar Sonraí don Earnáil Dheonach agus Phobail

I 2009, spreagadh grúpaí deonacha & pobail le clárú ar a bhunachar sonraí. Tá os cionn 1000 grúpa cláraithe agus déantar teagmháil leo go rialta maidir le mionsonraí tionscadal agus tionscnamh atá á rith ag Comhairle Chontae na Mí, Fóram Pobail na Mí agus gníomhaireachtaí stáit eile. Tá grúpaí cláraithe incháilithe freisin chun ainmniú agus vótáil a dhéanamh i dtoghchán Ionadaithe na hEarnála Deonach agus Pobail.

3.2.2. Fórait Phobail

Fóram Pobail Chontae na Mí agus Fórait Phobail an Toghcheantair

I ndiaidh na dtoghchán Rialtais Áitiúla i 2009, bhí gá toghcháin a reáchtáil i gcomhair ionadaithe nua deonacha agus pobail ar choistí éagsúla. Tharla an próiseas seo i Samhain 2009 agus an toghchán i Nollaig 2009.

Déanann na comhaltaí seo i dteannta ionadaithe ó Fhórait Cheantair, Coiste Stiúrtha a bhunú, a chuireann plean oibre le chéile agus a chuidíonn le himeachtaí a eagrú do bhallgrúpaí Fhóram Pobail na Mí. Tugann an DOEHLG tacaíocht don phróiseas seo.

3.2.3. Gradaim Oibrí Deonach sa Phobal



3.2.4. \Forbairt TE sa Phobal

Pobail ar Líne le chéile

Go dtí seo, tá os cionn 600 grúpa pobail agus deonacha agus 80 scoil cláraithe leis na tionscadail ar-líne. Lean an traenáil go mear agus cuireadh feabhas leanúnach ar raon agus ar cháilíocht na ngnéithe a bhí le fáil ar na láithreáin gréasáin mar fhreagairt ar an éileamh a bhí ann.

Láithreáin Ghréasáin Acmhainní

Lean láithreáin gréasáin Eolaire Oideachais agus Oiliúna na Mí (www.metd.ie) Tairseach Chúram na Mí (www.meathcareportal.ie), Eolaire Seirbhísí Tacaíochta na Mí (www.meathsupportservices.ie), Meath4Funding (www.meath4funding.ie) agus liostaí maoinne gnó na Mí (www.meathbusinessproperty.ei) ag cur acmhainní agus eolas luachmhar ar fáil don phobal.

3.2.5. Uilechuimsitheacht Shóisialta

3.2.5.1. CDB – Grúpa SIM

Thacaigh an grúpa SIM le bunú an Tionscadail Taighde ar Imircigh – tuarascáil faoi ‘*Engaging Difference: The opportunity of diversity in a changing Meath*’. Foilsíodh an tuarascáil in 2008. D’fhormhuinigh an Grúpa plean RAPID don Uaimh lenar áiríodh roinnt cuspóirí agus gníomhartha maidir le huilechuimsitheacht shóisialta.

3.2.5.2. Aonad Uilechuimsitheachta Sóisialta

I 2009, tháinig Oifigeach Uilechuimsitheachta Sóisialta leis an Anailís ar Uilechuimsitheacht Shóisialta san Aonad Uilechuimsitheachta Sóisialta nua do Chomhairle Chontae na Mí. Bhí páirtmhaoiniú fós á chur ar fáil ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil mar fhreagairt ar *Chiorclán LG14/07 – Extension of Social Inclusion Unit Programme*.

3.2.5.3. Cúrsaí Óige

Ceadaíodh maoiniú ón Oifig Gnóthaí Eachtracha chun DVD a chruthú maidir le tionchar an Aontais Eorpaigh ar shaol daoine óga i gContae na Mí. *You’re a Euro* is ainm don DVD seo agus taispeánadh é do roinnt grúpaí ar fud Chontae na Mí.

Leithdháileadh comhordaitheoir páirtaimseartha do Chomhairle na nÓg Chontae na Mí i Lúnasa 2009. Lá amháin sa tseachtain a bhíonn an ról seo agus tá sé á mhaoiniú ag an gciste forbartha a d’eisigh Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige.

3.2.5.4. Míchumas

I rith 2009, lean an t-ullmhúchán do Dhréacht-Phlean Forfheidhmithe Míchumais d’Údaráis Áitiúla na Mí. I Meitheamh 2009, fuair Údaráis Áitiúla na Mí maoiniú faoin Scéim Mhaoinithe don Phlean Straitéise Náisiúnta Míchumais do Chaiteachas Caipitil agus Reatha ar tugadh aghaidh air san imlitir LG (p) 08/09. Deimhníodh iomlán de €250,096 de chaiteachas caipitil agus €89,567 de chaiteachas reatha do na tionscadail seo a leanas:

<u>Caiteachas Reatha</u>	<u>€</u>
Oiliúint Feasachta Míchumais	5,500
Lámhleabhar Eolais don Fhoireann	3,383
Páirt- iocáíocht ar Thuarastal Oifigeach Rochtana	11,700
Leabharlanna	49,472
MLSP	11,350
T.E.	8,000
	89,405

Caiteachas Caipitil	€
Limistéar Ceanannais	60,018
Limistéar na hUaimhe	60,018
Limistéar Bhaile Shláine	60,018
Limistéar Dhún Seachlainn	60,018
Seirbhísí Leabharlainne	<u>10,000</u>
	250,072

3.3. Tionscnaimh Mhórtas Ceantair

Ghlac os cionn 100 grúpaí óige, scoil, grúpaí Deonacha agus Pobail páirt sna Tionscnaimh Mhórtas Ceantair i 2009. Chomhlíon rannpháirtithe réimse leathan tionscnamh den scoth a rinne go leor buntáistí dearfacha do mhórfhobal na Mí. Cuireadh dhá chatagóir nua leis an gcomórtas chun rannpháirtíocht ó na n-earnálacha gnó agus aichta a spreagadh.

Déanadh ionadaíocht ar an Mhí sa Chomórtas Mórtas Ceantair Comhoibrithe Náisiúnta i 2009, le Broomfield ag buachan na Duaise Náisiúnta ag Searmanas bronnta i gContae an Dúin i Mí na Samhna.

3.4. An Léig Frithbhruscair

Bhí seachtú grúpa rannpháirteach i léig frithbhruscair Chomhairle Contae na Mí ag tús 2009. Tógadh na tonnaí bruscair de na sráideanna, na bóithre, agus ceantracha tuaithe ar fud an chontae sular tháinig séasúr an tsamhraidh.

3.5. Tionscadail Phobail Comhshaoil agus an Scéim Deontas Oibreacha

Bhunaigh Comhairle Chontae na Mí (An Chomhairle) agus Coiste Teagmhála Phobal Líonta Talún Knockharley an scéim seo agus cuireann an scéim cúnaimh airgeadais ar fáil do chlubanna pobalbhunaithe áitiúla agus d'eagraíochtaí deonacha le tionscadail phobail comhshaoil agus oibreacha sa cheantar a fhorbairt. Seoladh an scéim deontas in 2009 agus bhain ceithre ghrúpa pobail agus eagraíochtaí deonacha leas as €38,200 le €25,000 breise ceadaithe do líonta tí atá ina gcónaí i gcóngar don tsaoráid líonta talún faoin scéim nuabhunaithe 'Scéim na nDeontas Beag'.

3.6. An Oifig Ealaíon

Éascaíonn an Oifig Ealaíon cur chun cinn na n-ealaíon agus an chultúir sa chontae, ag aithint thábhacht an ealaíontóra, an ról lárnach atá ag an ealaíontóir i gcur chun cinn na huilechuimsitheachta sóisialta, agus an ról atá acu cabhrú leis na hÚdaráis Áitiúla a gcuid aidhmeanna a bhaint amach i réimse na forbartha pearsanta, forbairt phobail, fostaíocht agus turasoireacht. Ar na Páirtithe ar oibriomar leo i 2009, bhí: Ionad Ealaíon Ghrianstaid, Ionad Pobail Ráth Tó, Alternative Entertainments Ltd., Music Network, Oifig Oidhreacht na Mí, Age and Opportunity Ireland, Cónaidhm Óige na Mí, Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Chontae na Mí, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, Bunscóileanna agus Meánscoileanna sa Chontae, 25 Ionad Scoir Ghníomhach i gContae na Mí, Meath Harp Ensemble.

Bhí comhairliúcháin phoiblí don chéad Phlean Forbartha Ealaíon Contae eile ar siúl i nDún Búinne, i gCill Déagláin, i gCeanannas, san Uaimh, i mBaile an Bhiataigh, agus sa Seanchaisleán.

Ta comhpháirtíochtaí nua forbartha agus cuid a bhí ann cheana comhdhlúite le gníomhaireachtaí áitiúla, náisiúnta, agus idirnáisiúnta chun na cuspóirí thuas a bhaint amach.

3.6.1. Féach

Is tionscnamh é FÉACH – *furthering enterprise, arts culture & heritage*, a tugadh isteach i 2009 agus atá ag iarradh ról na cruthaitheachta agus nuálachta sa tsochaí agus san eacnamaíocht a chur chun cinn.

Bhí imeacht tionscnaimh FÉACH – comhdháil a bhí ar siúl tráthnóna – ar bun i Mí Deireadh Fómhair 2009 agus ba comhoibriú a bhí ann idir an Oifig Ealaíon, Seirbhísí Leabharlainne agus Rannóg Inniúlachta agus Forbairt Eacnamaíochta Chomhairle Chontae na Mí le hIonad Ealaíon Ghrianstaid agus leis An Chomhairle Ealaíon.

Bhreathnaigh an ócáid ar an tábhacht a bhaineann le tionscail chruthaitheacha don eacnamaíocht agus don tsochaí le béim áirithe ar an Mí agus labhair Aine Brady, TD, an tAire Stáit ag an Roinn



Sláinte agus Leanaí go hoifigiúil ag an ócáid. Chuir Mary Cloake, Stiúrthóir An Chomhairle Ealaíon an ócáid i láthair. Rinne Shane Holland, Shane Holland Designs, Deirdre Rogers, Dearthóir Gloine agus Comhlacht Amharclainne Tall Tale atá ar fad lonnaithe i gCo. na Mí cuir i láthair cás-staidéar. Ina dhiaidh seo bhí díospóireacht painéil le Myles Dungan, Láithreoir RTE, Staráí agus Údar, mar chathaoirleach air. Ar an bpainéal bhí Mary Cloake, Stiúrthóir An Chomhairle Ealaíon, Michael Ludlow, Príomhfheidhmeannach Chomhpháirtíocht na Mí, Shane Holland, Gerardette Bailey Oifigeach ealaíon an Chontae, An Comh. Eoin Holmes, Cathaoirleach Fhóram Ealaíon na Mí. Labhair an Bainisteoir Contae Tom Dowling, ar an oíche freisin.

3.6.2. Pucas & Potions

Tá an Fhéile Samhna do Ghasúir Pucas agus Potions a bunaíodh i 2009 bunaithe ar an gcoincheap traidisiúnta de *trick or treat* agus gníomhaíochtaí ar bun ar feadh an lae. Bhí ar na gasúir naoi gcinn de cholchnónna a bhailiú chun "féirin" a fháil ón tseanchailleach. Chun na colchnónna a fháil, bhí ar na gasúir páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha a chomhdhéanann *Pucas agus Potions*. Orthu seo bhí: Ceardlanna *Scabs agus Scars* ina raibh ar ghasúir a gcuid gortuithe, marcanna agus coilim réalaiócha féin a chruthú; Ceardlanna Déantús Laindeir; Déantús Puipeid Puca agus scéalaíocht ó ar fud an domhain.

Chomh maith leis na ceardlanna bhí na gasúir ag idirghníomhú le gnéithe taibhsiúla ó Amharclann Óige na Mí a chuir siamsaíocht ar fáil do na gasúir ar feadh an lae. D'inis Cloigeann Mór Mogriagh scéal na Samhna agus conas a cuireadh tús leis. D'fhéadadh gasúir freisin a saibhreas a chuardach ag úsáid Mhórleabhar an Ádha a bhí lán le spraoi.

Bhí *Pucas agus Potions*, an Fhéile Ealaíon do Ghasúir, lán le spóirt agus gníomhaíochtaí a mhair isteach sa tráthnóna. Ghlac go leor grúpaí páirt san ócáid ar nós Grúpa Rehab na Mí, Ógtheagmháil na Mí, Grúpa Ealaíon na Mí, agus Coiste Bhailte Slachtmhara Átha Buí. Ghlac ocht gcinn de scoileanna náisiúnta páirt sna ceardlanna sna seachtainí ag teacht aníos go dtí an Fhéile agus ghlac os cionn 1,500 gasúir páirt san ócáid féin.

3.6.3. Féile na Bealtaine

Lady of Letters – 10 gcinn de léiriúcháin i naoi n-ionad difriúla thart ar Chontae na Mí
Miss Pettigrew Lives for a Day – Pictiúrlann an Diamond san Uaimh –
Cainteanna ar Stair na hEalaíne Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann – Dún Buinne, An Uaimh, Cill Déagláin, Baile Átha Troim agus Leabharlann an tSeanchaisleáin
Ranganna Péinteála le Seamus Smyth – Grúpa Scoir Ghníomhach Chill Dhéagláin agus Grúpa Scoir Ghníomhach Beuparc.

3.6.4. Sparánachtaí & Dámhachtainí 2008

3.6.4.1. Ciste Forbartha d'Ealaíontóirí Gairmiúla

Majella Clancy
Helen Blackhurst
Noelle Harrison
Slavek Kwi

3.6.4.2. Scéim Deontas d'Fhéilte

Kells Summer Festival
Navan Choral Festival
Le Chéile Arts and Music Festival
O'Carolan Harp, Cultural and Heritage Festival
Cornmarket Arts Festival, Navan
Mickey McKenna Traditional Music Festival, Trim

3.6.4.3. Scéim Deontas Dhébhliantúil Ealaíon Céim 1

Enda Donnellan
Ashbourne Church Choir
Finola McFadden
He's My Dad Project - Springboard Navan



Navan Choral Festival
Simon Fagan
Loose Robe Productions
Meath Harp School
Craobh Olibhéir Pluncéid, Comhaltas
INF Brass Band
Heritage Art Group
Francis Ledwidge Museum & War Memorial Centre Ltd
Stackallen/Rathkenny Musical Society

3.6.4.4. Scéim Deontas Dhébhlíantúil Ealaíon Céim 11

Tony McGrath
John Ryan
John O'Rourke

3.6.4.5. Scéim Cheannach Uirlisí Ceoil do Scoileanna

Ratoath S.N.S
Coláiste Chairealáin, An Obair
Coláiste na hInse, Bettystown
Scoil Naomh Pádraig, Ughtyneill, Moynalty
Meánscoil Naomh Seosamh, An Uaimh
Scoil Mhuire, Moylagh, An Seanchaisleán
Pobalscoil Dhún Seachlainn.
Coláiste Naomh Peadar, Dún Búinne
Coláiste Ráth Tó, Jamestown, Ráth Tó

3.6.4.6. Going Solo

Carol O'Connor
Emily Bruton

3.6.4.7. Dámhachtain Ealaíne Pobail

Tionscadal Forbartha Pobail na hUaimhe
Kells Blackwater FC
Scoil Naomh Louis. Rathkenny
Cultúr, Navan

3.7. Seirbhísí Oidhreachta

3.7.1. Imeacht Seandálaíochta Poiblí

Foilsíodh leabhar nua darbh ainm '*Uncovering Medieval Trim Archaeological excavations in and around Trim, Co. Meath*' i 2009 agus sheol an tAire Noel Dempsey, TD, é go hoifigiúil. Bhí imeacht oideachasúil ann, ar ar fhreastail 200 duine, chun seoladh an leabhair a cheiliúradh agus feacht faoi sheandálaíocht a mhéadú ar siúl i mBaile Átha Troim i Samhain 2009.

3.7.2. Seachtain Oidhreachta 2009

Bhí roinnt imeachtaí ann le linn na seachtaine seo i bpáirtíocht le Comhairle Chontae na Mí lena n-áirítear:

Taispeántas: 150 bliain de Bhaile an Bheileogaigh, Ainmneacha Páirceanna, Teaghlaigh agus Teaghaisí

Ba iad Grúpa Oidhreachta Bhaile an Bheileogaigh a d'eagraigh an ócáid seo i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae na Mí. Mar chuid den ócáid bhí taispeántas d'ainmneacha páirceanna áitiúla a bhí mapáilte, de theaghlaigh agus de theaghaisí i mBaile an Bheileogaigh agus atá imithe le fada



ach a ndearnadh taighde orthu ag úsáid ábhar daonáirimh, stair ó bhéal ar an gceantar agus siúl Treoraithe Oidhreachta i mBaile an Bheileogaigh.

Caint ar Thithe Stairiúla cheantar Bhaile Iúiliáin lena n-áirítear na háithe aoil agus muilte.

Is iad Cumann Áititheoirí Bhaile Iúiliáin a d'eagraigh an imeacht seo i bpáirtíocht le Comhairle Chontae na Mí. Thug an staraí John Mc Cullen léacht eolasach agus taitneamhach ar na tithe stairiúla i gceantar Bhaile Iúiliáin.

3.7.3. Traenáil Bithéagsúlachta

Bhí an tionscadal seo cómhainithe ag Comhairle Chontae na Mí, Comhairle Chontae Mhuineacháin agus ag An Chomhairle Oidhreachta tríd an Chiste Phlean Gnimh Áitiúil Bithéagsúlachta. Is é cuspóir an tionscadail ná traenáil spriocdhírthe don dá Údarás Áitiúla a fhorbairt chun cuntas níos fearr a thabhairt ar na riachtanais bhithéagsúlachta i bhforghníomhú feidhmeanna Údarás áitiúil. Bhí an traenáil comhdhéanta d'eolas a bhí ann roimhe seo agus deachleachtas sa réimse agus bhí sé stiúrtha ag sainriachtanais an dá Údarás áitiúla. Fuair os cionn 100 fostaí de chuid Chomhairle Chontae na Mí an traenáil.

3.7.4. Trim Swift Festival

Bhí an Trim Swift Festival 2009 ar siúl ón 2ú Iúil – 5ú Iúil 2009. Rinneadh ceiliúradh ar shaol, ar shaothar agus ar oidhreacht Jonathon Swift. Bhí roinnt imeachtaí i gceist ann a bhí dírithe ar eolas agus ar fheasacht faoi oidhreacht chultúrtha Baile Átha Troim a chur chun cinn.

3.7.5. Daoine agus Tírdhreach na Mí – Seimineár Oidhreachta Lá amháin

Tháinig Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae na Mí agus Oifig Oidhreachta na Mí le chéile chun seimineár oidhreachta lá amháin a chur i láthair ar an 11ú Iúil 2009. D'fhreastail idir 90 agus 100 duine ar an seimineár, agus bhí siad an-bhuíoch as ucht an lae agus tugadh ard-mholadh do na cainteoirí as ucht an ábhair a bhí ina gcuid cainteanna agus as ucht an tsár-chur i láthair a rinne siad.

An Comh. Willie Carey, Cathaoirleach Chomhairle Chontae na Mí ag labhairt ag an Seimineár

3.7.6. Wild Things at School: Leabhar do Mhúinteoirí Bunscoile

Tháinig Contaetha Laois, na Mí agus Muineacháin, le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta le chéile chun an leabhar seo a fhorbairt, leabhar atá maisithe go maith agus spreagúil chun gasúir a chur ar an eolas, cabhair a thabhairt do mhúinteoirí agus feasacht faoi ghnáthóga áitiúla agus bithéagsúlacht a mhéadú. Roghnaíodh an Nádúraí, an t-údar agus an craoltóir Éanna Ní Lamhna chun an leabhar a scríobh. Bhí seoladh áitiúil don Mhí ar siúl ar an Máirt, an 1ú Nollaig, i Leabharlann an Chontae san Uaimh.

3.8. Seirbhísí Leabharlainne

Is mar thoradh ar an ngealltanais leanúnach don phlean Forbartha Leabharlainne 2005-2009 atá an dul chun cinn breise déanta i réimse an infrastruchtúir, forbairt ar bhraintí, uaire oscailte níos faide, feabhsúcháin ar bhraintí, forbairt léitheoirí, seirbhísí ilchultúrtha, staidéar áitiúil agus imeachtaí.

3.8.1. Forbairt Léitheoirí

Bhí údair atá aitheanta go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear, Darren Shan agus Michael Smith, mar phríomhaíonna ag an **Children's Book Festival** i Mí Dheireadh Fómhair, imeacht a bhíonn ann go bliantúil. Eagraíodh 52 imeacht ar fad le naoi n-údar agus cúigear scéalaí ag tabhairt cuairt ar an gcontae. D'fhreastail os cionn 3,000 gasúr ar imeachtaí a d'eagraigh foireann na leabharlainne, rud a d'fhág é seo mar an phríomhimeacht cultúrtha do ghasúir i gCo. na Mí.

Ghlac os cionn 1,000 gasúr páirt san imeacht bhliantúil **'Summer Reading Mission'** chun léitheoireacht i measc gasúr agus daoine óga a chur chun cinn. Bhí an imeacht bhliantúil **Reader's and Writer's Day** do ghrúpaí léitheoireachta agus clubanna leabhar do dhaoine fásta ar fud an chontae ar siúl san Uaimh.



3.8.2. Staidéar Áitiúil

Eagraíodh cur chun cinn réamhfhoilseacháin don Phaca Facsimile ar Staidéar Áitiúil agus Cartlainne do Bhunscoileanna. Eagraíodh taifid staire ó bhéal le leathchéad duine o mhórthimpeall an chontae roimh an seoladh i 2010.

3.8.3. Buaicphointí eile i 2009

- An líon eisiúintí agus ballraíocht méadaithe de bharr feabhsúchán ar sheirbhísí IT.
- Teachtaireachtaí SMS Uathobrithe d'earraí a bhíonn iarrtha agus thar théarma tugtha isteach ag gach brainse.
- D'fhreastail os cionn 2,000 gasúr ar Chlár Samhraidh Seirbhíse Ealaíon agus Leabharlainne Chomhairle Chontae na Mí.
- Seoladh Tionscnamh Lárionaid Eolais Gnó Chontae na Mí-i bpáirtíocht le hAonad Forbartha agus Eacnamaíochta MCC. Lárionaid bunaithe san Uaimh agus i gCill Dhéagláin agus ábhair ar fáil ar-líne trí aon leabharlann de chuid an bhraínse.
- Tionscnamh traenála Ríomhfhoghlama i bpáirtíocht le FAS. Ionaid bunaithe i mbrainsí san Uaimh, Dún Búinne, Cill Deagláin, agus Baile Átha Troim. Tá an t-ionad san Uaimh aitheanta mar an suíomh is gnóthaí ag leibhéal náisiúnta.
- Ranganna Béarla do Náisiúnaigh Iasachta tríd an tionscadal Fáilte Isteach ag leabharlann Dhún Seachlainn i bpáirtíocht le Third Age Centre Chnoc an Linsigh.

4. SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

4.1. Baintíocht ar Ócáidí Corparáideacha

4.1.1. Cuairt Ambasadóir na Nigéire

Thug Ambasadóir na Nigéire, a hOirceas Dr. Chikwe, cuairt ar Chomhairle Chontae na Mí i mBealtaine 2009. Bhí plé aici leis an gCathaoirleach, Cathaoirligh na gComhairlí Bailí, an Bainisteoir Contae agus comhaltaí den fhoireann bainistíochta. Thug an t-ambasadóir forléargas ar an ngníomhaíocht eacnamaíochta sa Nigéir agus tugadh achoimre di ar an aeráid eacnamaíochta reatha in Éirinn agus i gCo. na Mí. Thug sí cuairt ar an Leabharlann Contae, áit ar chuir Scoil Náisiúnta Mhuire siamsaíocht ar fáil di.



Ambassador Dr. Kemafo N. Chikwe to Navan Library. Twin sisters Tola and Tayo Illori both pupils at Scoil Mhuire, Navan photographed making a presentation to Ambassador Kemafo N. Chikwe on the occasion of her visit to Navan Library

4.2. Deontais Ardoideachais

Le linn 2009, chabhraigh Comhairle Chontae na Mí le mic léinn faoi Scéimeanna Deontas Ardoideachais 2007/2008 agus 2008/2009.


Cuireadh breis agus 1000 iarratas faoi bhráid na Comhairle ar Dheontais Ardoideachais i 2009 maidir le bliain acadúil 2009/2010. I ndiaidh measúnachta de réir théarmaí Scéim Deontais Ardoideachais 2009, ceadaíodh 362 iarratas nua agus 445 iarratas athnuachana san iomlán. D'íoc Comhairle Chontae na Mí freisin an 'Ráta Speisialta Deontais Chothabhála' (Deontas Breise) le 169 mac léinn do bhliain acadúil 2009/2010.

Ba é luach deontas iomlán faoi scéim 2009 ná €3,420. Ba é an táille Neamh theagaisc/Clárúcháin a clúdaiodh faoin scéim ná €1,500. Ba é an caiteachas iomlán i 2009 maidir le deontais Ardoideachais ná thart ar €3.6m. Ní féidir ach deontais a íoctar le mic léinn seachas ranníocaíocht sheasta de €14,045.55, a aisghabháil ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá catagóirí éagsúla deontas ann agus tá siad sin liostaithe thíos:

Cothabháil Iomlán agus Táillí Iomlána
Páirt-chothabháil (75%) agus Táillí Iomlána
Páirt-chothabháil (50%) agus Táillí Iomlána
Páirt-chothabháil (25%) agus Táillí Iomlána
Táillí Páirt-Teagaisc amháin




Tá na staitisticí maidir le hiarratais a fuarthas do na trí bhliana dheireanacha mar seo a leanas:
The Register of Electors was published in February 2009 and showed a voting population as follows:



Dail Electors	129,001
Presidential Electors	127,454
European Electors	130,482
Local Electors	132,368
Postal Voters	405

The chart below gives a breakdown of Local Electors by Electoral Area.

Register of Electors 2009/2010



4.3. Saoráil Faisnéise

Cinntíonn Comhairle Chontae na Mí i gcónaí go mbíonn rochtain ag aon duine a bhfuil spéis chuí acu inti ar fhaisnéis de réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003.

Is iad na taifid atá curtha ar fáil de réir Shaoráil Faisnéise na dtaifead sin nach bhfuil teacht orthu de réir malairt reachtaíochta agus baineann an reachtaíocht leis na taifid údaráis áitiúil ar fad a cruthaíodh i ndiaidh an 21 Deireadh Fómhair 1998.

Is iad seo a leanas staitisticí na bliana 2008 a bhaineann le hiarratais de réir Shaoráil Faisnéise:

Iarratais a fuarthas	32
Tugtha ar aghaidh ó 2008	11
Iomlán	43
Líon iarratas ceadaithe/páirt-ceadaithe	25
Líon iarratas diúltaithe	9
Iarratas a aistriodh	1
Tarraingthe siar nó pléite lasmuigh de Shaoráil Faisnéise	3
Cásanna fós á bplé ag deireadh 2009	5
Líon athbhreithnithe inmheánacha	1
Líon achomharc leis an gCoimisiníon achomharc leis an gCoimisinéir Faisnéise	0

4.4. Sláinte agus Sábháilteacht

Bhí ardú caighdeán sábháilteachta laistigh do Chomhairle Contae na Mí fós mar thosaíocht le linn 2008. Baineadh amach é seo trí níos mó iniúchtaí sábháilteachta inmheánacha a dhéanamh, cáipéisí sábháilteachta a chaighdeánú agus an Ráiteas Sábháilteachta Corparáideach a thabhairt cothrom le dáta chun athrú eagraíochtúil a léiriú.

4.4.1. Traenáil Sláinte agus Sábháilteachta

I 2009, cuireadh clár traenála Sláinte agus Sábháilteachta ar fáil d'fhostaithe agus san áireamh bhí cúrsaí i:

- Spáis Theoranta
- Pas Sábháilteachta do Chonraitheoirí
- Maoir Dhóiteán
- Garchabhair
- Sláinte agus Sábháilteacht ag Oibreacha Bóthair
- Láthair Seirbhísí faoi Thalamh
- Oibríthe Aonair
- Ag Bainistiú go Sábháilte san Earnáil Tógála
- Láimhsiú
- Pas Sábháilteachta
- Maoir Scoile
- Ráitis Sábháilteachta
- Comharthaíocht, Soilsíú agus Gardáil
- IOSH Supervising Safely



- Dearadh Bainistiú Tráchtá

4.4.2. Ag Obair i d'Aonar

Seoladh córas aláraim práinne d'oibríthe aonair ardriosca i 2009 . Ceannáíodh seachtú trí feistí. Oibríonn an córas aláraim práinne tríd an líonra fón póca, nuair a bhuaitear aláraim cuirtear teachtaireacht go dtí grúpa freagróirí an oibrí aonair sin.

4.4.3. Seachtain na hEorpa do Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair 2009

Chun Seachtain na hEorpa do Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair a chomóradh, eagraíodh raon tionscnamh chun feachtas Sábháilteachta ar fud na heagraíochta a mhéadú agus san áireamh bhí, Turais Sábháilteachta Feiceálach ag Stiúrthóirí Seirbhísí, Feachtas Póstaer, Dáileadh Fearais Gharchabhrach agus Múchtóirí Dóiteáin, Teachtaireachtaí Foláirimh ar Ríomhphost, Dáileadh Veisteanna Feiceálacha agus comórtais éagsúla.

4.4.4. Doiciméid Sábháilteachta

Cuireadh doiciméid sábháilteachta ar fáil lena n-úsáid ar fud na heagraíochta chun go gcomhlíonfaí na ceanglais reachtúla. Rinne an Bainisteoir Contae agus na Stiúrthóirí Seirbhísí an Ráiteas Sábháilteachta Corparáideach a shíniú agus a athbhreithniú. Ar an doiciméadú eile bhí Ráitis Sábháilteachta Stiúrthóireachta agus Réimsí Sainiúla, measúnachtaí riosca athbhreithnithe agus foilsiú measúnachtaí riosca nua, Nósanna Imeachta Oibríocháin Caighdeánach (SOPanna), Measúnachtaí riosca máithreachais, foilsiú nósanna imeachta réimsí sainiúla/rannóg oibríthe aonair, obair do choiste oibríocháin Fliú na Muc.

Déanadh measúnachtaí Aonad Taispeána Físe (VDU) le 280 fostaithe in Údarás Áitiúil na Mí.

Chuaigh an Rannóg Sábháilteachta i mbun 528 measúnú inniúlachta conraitheoirí le linn 2009.	
Conraitheoir	- 148
Dearthóir	- 001
Conraitheoir neamh-thógála	- 064
PSDP	- 036
PSCS	- 151
PSDP agus PSCS	- 128

4.5. Comhpháirtíocht san Áit Oibre

4.5.1. Cúram foirne, aitheantas agus tionscadail imeasctha.

Gradaim Aitheantais as Fadseirbhís: Fuair 39 comhalta foirne gradaim as fadseirbhís ag ócáid i Mí Dheireadh Fómhair.

Comhaltaí foirne ar scor: Tionóladh ócáid i Mí na Samhna ag tabhairt aitheantais do chomhaltaí a bhí ag dul ar scor.

Gníomhaíochtaí Sóisialta: Thug Comhpháirtíocht san Áit Oibre tacaíocht do roinnt gníomhaíochtaí clubanna sóisialta agus do Chór Chomhairle Chontae na Mí. Chuir an Cór siamsaíocht ar fáil ag 7 ócáid chorparáideacha.

Leas Foirne: Thacaigh Comhpháirtíocht san Áit Oibre le gníomhaíochtaí leasa foirne ar nós thacaíocht do lucht méala agus scagthástáil sláinte.

4.5.2. Gnóthachtaí na Sóisear

I rith na bliana acadúla 2008/2009 thug aon fhostaí déag faoi thraenáil mar shaorálaithe gnó agus mhúin siad cláir Ghnóthachta na Sóisear do 150 daltaí i Scoil Náisiúnta Oilibhéar Pluincéid, An Uaimh, Scoil Naomh Eoin, An Uaimh agus Coláiste Beaufort. Thug na saorálaithe a gcuid diograis agus gairmiúlachta isteach sna seomraí ranga trí mhic léinn a spreagadh faoin gcineál gairme is féidir leo sin a bhaint amach freisin trí spriocanna a leagan amach agus díriú ar an todhchaí.



5. FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA AGUS NUÁLAÍOCHT

Cuspóir Straitéiseach

Tacú le forbairt eacnamaíochta Chontae na Mí, í a éascú agus a spreagadh.

5.1. Forbairt Eacnamaíochta

Cur chun cinn, seachadadh agus tacú a dhéanamh ar Fhorbairt Eacnamaíochta i gContae na Mí trí mhargaíocht, forbairt tionscadal, comhairle agus cúnamh pleanála, agus trí chomhpháirtíocht a chothú le gníomhaireachtaí eile.

I 2009, chuaigh an tAonad Forbartha agus Nuála i mbun na ngníomhaíochtaí/dtionscnamh seo a leanas:

- Ullmhú Straitéis Forbartha Eacnamaíochta Údarás Reigiúnach an Mheán-Oirthir thar ceann Údarás Áitiúil na Mí, Chill Dara agus Chill Mhantáin idir Meán Fómhair-Samhain. Cuirfidh an straitéis seo ullmhú na ndrúacht-Treoirilínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath ar an eolas agus beidh sé iniata mar aguisín sna Treoirilínte deiridh a nglacfar leo.
- D'ullmhaigh siad an Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha Forlíontach do na Backlands i gCeanannas ar ghlac Comhairle Baile Cheanannais agus Comhairle Chontae na Mí leis i Samhain 2009.
- Dhéileáil siad le roinnt iarratas pleanála straitéiseacha ar fud an chontae ar nós Academy Partnership (forbairt d'úsáid measctha tráchtála, An Uaimh), Glashrooneen Ltd. (SMART Park, Carton Demesne, Maigh Nuad), Comhlacht Kells Development Company Ltd. ("Backlands" Town Centre expansion, Kells), Shamrock Renewable Fuels Ltd. (Bio energy Plant producing wood and energy crop bio fuels and CHP Plant at Balrath, Kells) agus Glass & A.L.U. Cad Ltd. (Industrial Manufacturing Unit at Lloyd Business Park, Kells).
- Páirteach i staidéir áirithe a stiúradh thar ceann an Údarás Áitiúil ar nós an dréacht-staidéird'Acmhainneacht Forbartha ar Acomhail Mótarbhealaigh, Straitéis Spásúil Théamúil d'Fhorbairt Thionsclaíoch, Staidéar Féidearachta Chanáil na Bóinne agus suímh oiriúnacha chun talamh i gcomhair fhorbairt thionsclaíoch san Uaimh a aithint.
- Ag cur tionscnaimh chun cinn lena n-áirítear Seirbhís Liostaithe Mhaoin Ghnó na Mí agus Mórtais Ceantair do Pháirceanna Gnó (i gcomhar leis an Rannóg Pobail agus Fiontair).
- Ag piolótú na scéime '*Adopt a Meath Company*' i meánscoileanna ar fud an chontae.
- Tugadh isteach tionscnamh foghlama urraithe d'Fhiontair Bheaga agus Meánmhéide, i gcomhar le Tionscnamh Foghlaim ar feadh an tSaoil na Mí.
- Rinneadh forbairt ar Eolais Gnó na Mí i gcomhar leis an Rannóg TE.
- D'oibrigh leis an Oifig Ealaíon, an tSeirbhís Leabharlainne, Ionad Ealaíon Ghrianstaid, agus An Chomhairle Ealaíon chun Féach – Fiontair Chruthaitheacha sa Mhí i nDeireadh Fómhair a eagrú.
- Sheoladh Ionaid Eolais Ghnó na Mí i gcomhar le Seirbhís Leabharlainne na Mí, agus reáchtaladh Seimineáir Eolais Gnó i Leabharlann na hUaimhe ar thopaicí ar nós do ghnó féin a thosú agus margaíocht dhigiteach do ghnó.
- Leanadh ar aghaidh leis an bhfeachtas chur chun cinn '*whatever your business.... Make It Meath*'.
- Oibríodh leis an Rannóg Fiontraíochta agus Pobail chun an fhorbairt eacnamaíochta agus gníomhaíochtaí oiliúna/oideachais do Straitéis CDB a fhorbairt.



- Glacadh páirt i bhFóram Eacnamaíochta na Mí lena n-áirítear páirt i gComhairle Chontae na Mí ag Lá Fiontraíochta na Mí, Deireadh Fómhair 2009 agus cómhaoiniú *Meath Training Needs Analysis*.
- Thug an Stiúrthóireacht faoi shraith cuairteanna ar chuideachtaí i rith na bliana.
- Déileáladh le raon leathan ceisteanna maidir le gnólachtaí atá ann cheana agus cinn a d'fhéadfadh a bheith ann.

5.2. Breisoideachas agus Ardoideachas

5.2.1. Tionscnamh na Mí d'Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil

D'oibrigh Comhairle Chontae na Mí i bpáirtíocht le hinstiúidí tríú leibhéal chun deiseanna ardoideachais a sholáthar ar bhonn áitiúil. Tháinig ceithre rang mac léinn amach as na cláir seo a leanas:

Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan

Teastas i nDlí Fostaíochta

Réamhchúrsa ar Bhainistíocht Acmhainní Daonna

Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir

Teastas i mBéarla d'Fheidhmeanna Acadúla agus Oibre Leibhéal 1 & 2

5.2.2. Seimineár Inspreagtha agus Ionchumhachtaithe

Is é Ionad Oiliúna Aíochta Lios Muilinn a phleanáil an seimineár seo leis an gcuspóir a chuid teagascóirí agus gairmthreoirí a ionchumhachtú ina róil laethúla. Rinne Comhairle Chontae na Mí urraíocht ar an bpríomhchainteoir an Dr. Brian McCraith, Uachtarán Ainmnithe Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

5.2.3. Cláir Thacaíochta d'ábhair NUIM

Bhain Comhairle Chontae na Mí i bpáirtíocht le OE Mhaigh Nuad amach gradam ríomhrialtais 2009 don tionscnamh nua Gaeilge is fearr. Ina dhiaidh seo, déanadh forbairt ar chlár tacaíochta matamaitice ar-líne chun cabhrú le mic léinn teicneolaíocht *windows media* a úsáid. Bhí an clár seo ar an ngearriosta freisin ag na gradaim ríomhrialtais.

5.2.4. Líonra Idirchultúrtha na Mí

Trína bheith mar chomhalta de Líonra Idirchultúrtha na Mí Cultúr, leanann Comhairle Chontae na Mí ag tabhairt tacaíochta do dheiseanna a thabhairt do dhaoine nach náisiúnaigh iad. Cuireadh an clár Béarla Leibhéal 6 de chuid ITB FETAC ar fáil i gcomhar le Cultúr.

5.2.5. Féile Foghlaimeoirí Fásta na Mí

Is é Coiste Gairmoideachais na Mí an nasc áitiúil don fhéile náisiúnta d'fhoghlaimeoirí fásta AONTAS. D'oibrigh Comhairle Chontae na Mí i bpáirtíocht leis an gCoiste Gairmoideachais chun an fhéile seo a leathnú ar bhonn contae trí shraith léachtaí, ceardlann agus trí sheimineár saor in aisce a chomhordú. Déanadh na gníomhaíochtaí ar fad a reáchtáil ar bhonn deonach. I mí Dheireadh Fómhar 2009, thug AONTAS cuireadh do Choiste Gairmoideachais na Mí agus do Chomhairle Chontae na Mí a gcuid taithí a chur i láthair na gcomhaltaí sa Chabhán mar shampla de deachleachtais.

www.metd.ie

Lean Oifig na Mí do Bhreisoideachas agus Ardoideachas ag cur deiseanna foghlama áitiúil chun cinn trí idirchaidrimh le hoiliúnóirí agus oideoirí ar fud an chontae. Is bunachar sonraí lárnach ar-líne é Bunachar Sonraí Oiliúna na Mí do na cúrsaí ata ar fáil, scéalta nuachta agus imeachtaí atá ag tarlú.

5.3. Forbairt Turasóireachta

Straitéis: Margaíocht a dhéanamh ar Chontae na Mí mar cheann scríbe turasóireachta d'ardchaidheán trí Thurasóireacht na Mí chomh maith le hiarracht cuidiú le forbairt táirge turasóireachta agus é a spreagadh. Déanadh Bróisiúr faoi Rian Oidhreachta na Mí agus Bróisiúr Chontae na Mí ina bhfuil liosta d'imeachtaí agus d'fhéilte 2010 a phriontáil agus a dháileadh go náisiúnta agus thar sáile. Leanann Turasóireacht na Mí ag freagairt ceisteanna eolais turasóireachta ó lá go lá ó uimhir local eolais do Thurasóirí na Mí, sin 1850 300 789. Rinneadh obair ar láithreán gréasán nua cothrom le dáta de chuid 'Casaigí ar a chéile i gContae na Mí' le linn 2009. Beidh an suíomh nua níos bríomhaire agus níos solúbtha agus beidh lógó nua de chuid 'Casaigí ar a chéile i gContae na Mí chun cur leis. D'eagraigh 'Casaigí ar a chéile i gContae na Mí' iliomad turas cleachtaidh corparáideach agus trádáil taistil a mheall oibreoirí turas agus cuideachtaí móra ar turais dhá lá chuig an Mhí chun raon agus caighdeán an táirge turasóireachta atá ar fáil a fheiceáil dóibh féin. Rinne 'Casaigí ar a chéile i gContae na Mí' freastal ar cheardlanna an ITOA i gCaisleán Chill Iníon Léinín i Márta 09, Meitheal, Imeacht Turasóireachta Trádála Taisteal na hÉireann agus Margadh Taistil an Domhain i Londain chun bualadh leis an trádáil taistil. Le 30 DMC ceannródaíocha i láthair, bhí sé seo tábhachtach chun an Mhí a chur ar an mapa mar ionad do chomhdhála luachmhara agus do chruinnithe dreasachta.

5.3.1. Lá Discover Meath

Chuaigh Turasóireacht na Mí agus Fáilte Ireland le chéile chun an chéad '*Discover Meath & the Boyne Valley Day*' riamh a reáchtáil ag Ráschúrsa Theach na Sí ar an Domhnach an 19ú Iúil. Le 45 gnó turasóireachta ar taispeáint ag an imeacht agus 4,000 duine ag freastal ar an lá, d'éirigh thar barr leis chun an Mhí a chur chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta do na contaetha mórthimpeall..

5.3.2. Margaíocht

Ba é riachtanas gnóthaí turasóireachta cur lena gcuid scileanna margaíochta ba chúis le sraith léachtaí sa tráthnóna lena n-áirítear dhá imeacht ag clúdach ríomh-mhargaíocht darbh ainm '*Unravelling the Web*' agus tríú imeacht ag clúdach margaíochta ar bheagán airgid. Lean Turasóireacht na Mí lena cuid iarrachtaí margaíochta i dTuaisceart Éireann i rith 2009. Bhí seastán ón Mhí ag Seó Saoire Bhéal Feirste (30,000 cuairteoir), ag Seó Balmoral (80,000) agus ag Oifig Turasóireachta Fáilte Ireland i mBéal Feirste. Sheol Turasóireacht na Mí feachtas 12th of July chun iad fhéin a chur chun cinn i margadh Thuaisceart Éireann i rith an deireadh seachtaine bainc seo.

5.3.3. Láithreán Gréasán

Taifeadh ardú de 49% ó thaobh cuairteoirí uathúla chuig www.meathtourism.ie le linn 2009. Déanadh an láithreán gréasán a fheabhsú agus a thabhairt cothrom le dáta go laethúil, in éineacht le dhá ezine nua a seoladh chuig bunachar sonraí mór, bunaithe ar théamaí lá fhéile Pádraig agus féile Samhna Spioraid na Mí.

5.3.4. Imeachtaí

Aithníodh go raibh gá le féile aitheantais agus reáchtáladh chéad Fhéile Samhna Spioraid na Mí riamh ón 23ú go 31ú Deireadh Fómhar 2009. Cuireadh clár imeachtaí le chéile agus cuireadh chun cinn é mar fhéile náisiúnta. Tháinig torthaí maithe as iarrachtaí suntasacha margaíochta lena n-áirítear an chéad leathanach den Irish Independent agus an Examiner agus an t-eagarfhocal sa Irishman's Diary (Irish Times).

5.3.5. Comórtas Grianghrafadóireachta Oidhreachta na Mí

Don ceathrú bliain, tháinig turasóireacht na Mí agus Oifig na nOibreacha Poiblí le chéile chun comórtas grianghrafadóireachta amaitéarach rathúil a eagrú leis an téama 'Oidhrecht na Mí' chun an oidhrecht bhríomhar atá i gCo. na Mí a léiriú. Le os cionn 250 iontráil i mbliana, bhí na moltóirí tógtha leis an leibhéal scileanna, go háirithe i gcatagóir na ngasúr. Bhí na grianghraif ar taispeántas ag Ionad Cuairteoirí Bhrú na Bóinne le linn na Bealtaine agus le linn Mheitheamh 2009.



5.3.6. Solheim Cup 2011

Is comórtas gailf é an Solheim Cup do mhná a imríonn galf go proifisiúnta agus a bhíonn ar siúl gach dara bliain agus meastar gurb é an príomh imeacht i saol an ghailf do mhná é. Le seacht dtír ag cur isteach ar an imeacht, is iontach an éacht é do Chontae na Mí an Solheim Cup a reáchtáil i gCaisleán an Chillín i 2011. Tá an Stiúrthóir Forbartha agus Nuálachta Eacnamaíochta i gComhairle gContae na Mí i bhfeighil an Tionscadail chun a chinntiú go n-éireoidh go maith le seirbhísí agus margaíocht an imeachta ar mhaithe le Contae na Mí. Faoin sainchúram seo, tá forbairt déanta ar dhréachtphlean margaíochta agus tabharfar chun críche é i Mí Eanáir i gcomhairle le Fáilte Ireland. Is cur chuige comhordaithe a bheidh i gcur chun cinn an Solheim Cup i gcomhar leis an Aonad Forbartha Eacnamaíochta.

5.3.7. Plean Forbartha Náisiúnta/Tionscadal Siúil a Mhaoiniú

Críochnaíodh an Tionscadal siúil don Mhí agus tá 3 shiúlóid slímharcáilte i gCo. na Mí anois. Is iad na 3 shiúlóid sin ná: Siúlóid Oidhreachta Chaisleán Bhaile Átha Troim, Bealach Siúil Rampar na hUaimhe agus Éic-shiúl Phortach an Ghreallaigh i gCeannanas a fuair maoiniú ó Fáilte Ireland agus maoiniú don mhéid chéanna ó Chomhairle Chontae na Mí.

6. SEIRBHÍ Sí COMHSHAOIL

Cuspóir Straitéiseach

Comhshaoil glan, sábháilte agus sláintiúil Chontae na Mí a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú do ghlúine na linne seo agus do ghlúine atá le teacht.

Príomhghníomhaíochtaí

- Plean Bainistíochta Dramhaíola a chur i bhfeidhm do Réigiún an Oirthuaiscirt.
- Dramhail a bhainistiú ar bhealach lánpháirtithe agus inbhuanaithe de réir an chleachtais is fearr.
- Plean Forfheidhmithe Comhshaoil na Comhairle a chur i bhfeidhm.
- Raon leathan gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm le srian a chur ar thruailliú bruscair agus é a laghdú.
- Caighdeán uisce a fheabhsú ag teacht le riachtanais an Chreat-Treoir Uisce.
- Tionchar na forbartha ar uisce glactha a íoslaghdú trí chóras monatóireachta cuimsitheach a chur i bhfeidhm, agus bagairtí truaillithe a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint agus deireadh a chur leo.
- Feasacht comhshaoil a ardú agus gníomhaíochtaí inbhuanaithe a spreagadh.
- Acmhainní a sholáthar le haghaidh feasacht chomhshaoil leanúnach agus feachtais ghnímh, dírithe ar gach cuid den phobal.
- Comhlíonadh chaighdeáin comhshaoil a chinntiú.

6.1. Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Oirthuaiscirt 2005-2010

Tá aghaidh á tabhairt ag an gCoiste Stiúrtha Bhainistiú Dramhaíola Réigiún an Oirthuaiscirt (Contaetha an Mhí, an Lú, Mhuineacháin, agus an Chabháin) ar riachtanais an Phlean Bhainistiú Dramhaíola 2005-2010. Thosaigh comhairliúcháin maidir le leathadh amach na seirbhísí 'bosca bruscair donn' agus 'muirear a bhaineann le húsáid' leis na hoibrítheoirí bailithe dramhaíola baile i 2009. Tá sé beartaithe go mbeidh an dá sheirbhís á leathadh amach i Réigiún an Oirthuaiscirt go luath/i lár 2011. Beidh ardú feasachta suntasach i gceist leis seo chomh maith le monatóireacht agus forfheidhmiú ag údaráis áitiúla.

Go luath i 2009, mhol Greenstar Holdings Ltd go méadófaí glacadh dramhaíola ag saoráid líonta talún Knockharley. Ag éisteacht ó bhéal An Bhord Pleanála, dúirt Réigiún Bhainistiú Dramhaíola an Oirthuaiscirt nár chomhlíon an diansaothrú atá molta aidhmeanna agus cuspóir na bPleananna Forbartha Contae agus Plean Bhainistiú Dramhaíola Réigiún an Oirthuaiscirt 2005 – 2010. Dhiúltaigh an Bord Pleanála an t-iarratas ó Greenstar ó thaobh mhéadú ar ghlacadh dramhaíola ag a saoráid talún i Knockharley ina dhiaidh sin.

Tá easnamh caipitil neamh-mhaoinithe ar an gComhairle fós maidir le feabhsúchán an tsaoráid talún a bhíodh i Basketstown. Beidh breis caiteachais caipitil ag teastáil agan suíomh ar nós ceangal leis an gcóras bailithe agus bladhmaidh gáis. Tá costais mhonatóireachta ioncaim bhliantúil leanúnach de €500,000 fós á ngearradh maidir le comhlíonadh cheadúnas EPA ar an tsaoráid talún a bhíodh ann.

6.2. Gearáin Gearáin Dramhaíola agus Forfheidhmiú

Ceadanna Bainistíochta dramhaíola eisithe i 2009 agus Teastais Chláraithe

I 2009 is iad seo a leanas na staitisticí do Cheadanna Bainistíochta Dramhaíola agus Teastais Chláraithe.

Ceadanna Bainistíochta Dramhaíola		Teastais Chláraithe	
Iarratais a fuarthas	28	Iarratais a fuarthas	2
Ceadaithe	12	Ceadaithe	1
Diúltaithe	2	Diúltaithe	0
Tarraingthe siar	6	Tarraingthe siar	0
Iomlán	0	Iomlán	0
Neamhiomlán	3	Neamhiomlán	1
Á bhreithniú	5	Á bhreithniú	0

Tá 47 Ceadúnas Bainistíochta Dramhaíola á bhfeidhmiú i láthair na huaire i gCo. na Mí.

Ceadanna Bainistíochta dramhaíola eisithe i 2009

Is í Comhairle Chontae na Mí an tÚdarás ainmnithe do Réigiún an Oirthuaiscirt (Contaetha an Mhí, an Lú, Mhuineacháin, agus an Chabháin). Cuid dá ról mar údarás ainmnithe ná ceadanna bailithe dramhaíola a phróiseáil. Tá 542 ceadúnas bailiúcháin gníomhach i réigiún an Oirthuaiscirt.

I 2009, baineann na staitisticí seo a leanas le *Ceadanna Bailiúcháin Dramhaíola*:

Iarratais a fuarthas	27
Tarraingthe siar	0
Diúltaithe	0
Cúlghairthe	0
Ceadaithe	40
Á bhreithniú	4
Athbhreithnithe i rith na bhliana	0

6.3. Truailliú Bruscair

In 2009 lean an Chomhairle ar aghaidh lena bhfeachtas dian chun dul i ngleic le dumpáil mhídhleathach atá ag tarlú go forleathan.

Seo a leanas briseadh síos ar na bearta forfheidhmiúcháin a glacadh i rith 2009:

Líon tuairiscí iniúchta	2267
Fíneálacha ar an láthair eisithe	866
Fíneálacha ar an láthair íochta	490
Líon iomlán ciontaithe le linn 2009	53

Tá córais CCTV curtha isteach ag roinnt suíomh ar fud an chontae atá aitheanta mar áiteanna móra bruscair. Eisíodh roinnt mhaith fíneálacha i rith 2009 agus tá líon mhór ionchúiseamh tionscanta. Tá ag éirí go maith leis seo sa chomhrac in aghaidh thruailliú bruscair. Tá an Chomhairle anois i mbun oibreacha CCTV a thabhairt chuig bainc thabhartha eile agus áiteanna móra bruscair chun comhlíonadh an Achta um Thruailliú Bruscair a fhorfheidhmiú.

6.4. Láithreacha Áiseanna Cathartha na Mí – Baile Átha Troim, An Uaimh agus Ceanannas

Tá na trí láithreán fóntais chathartha sa chontae, le tacaíocht ón líonra ionad tabhartha ar fud an chontae ag cur go dearfach leis na leibhéil athchúrsála, cé gur ábhar imní fós é an dumpáil mhídhleathach ag roinnt de na bainc thabhartha. Lean an cuardach ar aghaidh i 2009 i gcomhair láithreán fóntais chathartha breise in oirdheisceart an chontae.

6.5. Uisce

6.5.1. Creat-Treoir Uisce an AE

Deir an tuarascáil eatramhach is déanaí ó WFD nach bhfuil ach 17% de chomhlachtaí uisce laistigh de limistéar feidhme na Mí ag comhlíonadh chaighdeáin WFD a chaithefear a bheith bainte amach faoi 2015. Tá 3 Plean Bainistíochta Abhantraí a bhaineann le ceantar feidhme na Mí, eadhon Plean Bainistíochta Abhantraí an Oirthir, na Sionainne agus Abhantraí Eathach Banna ann. Aithníonn na Pleananna na saincheisteanna bainistíochta uisce suntasacha atá laistigh de gach dobharcheantar ar leith agus leagann siad amach réitigh atá molta ar na saincheisteanna sin i bhfoirm bearta molta. Is é cuspóir an phlean gach uisce, eadhon abhainn, loch, screamh uisce, uiscí idirchriosacha agus cósta a thabhairt go dtí “stádas maith”, i.e., gan truailliú faoi 2015.

Ghlac an Chomhairle le ‘Plean Dhúiche na hAbhantraí Thoir’ i nDeireadh Fómhar 2009 chomh maith le Pleananna Ceantar Abhantraí Idirnáisiúnta na Sionainne agus nEathach-Banna in Aibreán 2010. Beidh éifeacht dhearfach ag na pleananna, nuair a chuirfear i bhfeidhm iad, ar chomhlachtaí uisce ar fud an chuid is mó de Cho. na Mí.

6.5.2. Monatóireacht Aibhneacha

Tá 108 láithreán monatóireachta Chreat-Treoir Uisce (WFD) ainmnithe agus bailíodh 576 sampla as aibhneacha agus rinneadh tástáil orthu le linn 2009 mar thoradh air sin. Tá an clár monatóireachta aibhneacha freagrach as na háiteanna ina ndéantar suirbhéanna imscrúdaitheacha, lena n-áirítear suirbhéanna feirme, lena chinntiú go bhfuil Comhairle Chontae na Mí ag baint an leasa is mó as acmhainní agus is léir go bhfuil sé an-éifeachtach.

In 2009 bhailigh Comhairle Chontae na Mí 483 sampla monatóireachta imscrúdaitheach. Rinneadh an chuid is mó den mhonatóireacht imscrúdaitheach i ndobharcheantair faoi dhrochchaighdeáin uisce. Cuireadh béim ar na torthaí uile i roinnt tuarascálacha agus tá siad á leanúint ag pearsanra forfheidhmithe uisce.

6.5.3. Uisce Snámha

Déanann Comhairle Chontae na Mí sampláil ar dhá cheantar uisce snámha, eadhon Baile an Bhiataigh agus Baile Uí Mhornaín. Is ceantar uisce snámha ainmnithe é Baile an Bhiataigh. Fuarthas amach go raibh ardchaighdeán ag baint le cáilíocht an uisce i mBaile Uí Mhornaín agus bhain Comhairle Chontae na Mí amach DuaisChósta Ghlais ina dhiaidh sin.

6.5.4. Fuíolluisce Uirbeach

Rinne Comhairle Chontae na Mí 346 iniúchadh ar Ionaid Chóireála Fuíolluisce Cathrach (MWWTPanna) in 2009. Rinneadh sampláil ar gach MWWTP de réir na rialúchán fuíolluisce uirbeach agus cuireadh na torthaí faoi bhráid na Roinne i bhfoirm tuairisceán bliantúil. *Ceadúnais Dóirte Eisilteacha Trádála 2009:*

Tá 58 ceadúnas urscaoilte i gcomhair urscaoileadh chuig uiscí agus 21 ceadúnas urscaoilte i gcomhair urscaoileadh chuig séaraigh ann i láthair na huair. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar 16 ceadúnas urscaoilte faoi láthair.

ALT 4		ALT 16	
Iarratais a fuarthas	5	Iarratais a fuarthas	1
Ceadaithe	2	Ceadaithe	0
Diúltaithe	0	Á bhreithniú	3
Neamhbhailí	1		
Á bhreithniú	10		

6.5.5. Suirbhéanna Feirme

Rinne Comhairle Chontae na Mí 147 iniúchadh feirme in 2009. Rinneadh iniúchtaí feirme áit a ceapadh go raibh baol suntasach ann go gcruthóidís truailliú uiscí. Déantar gach iniúchadh feirme a thaifeadadh ar fhoirm tuairisce iniúchtaí feirme agus déantar iad a léarscáiliú le haghaidh athiniúchtaí.

6.5.6. Forfheidhmiú

In 2009 sheirbheáil Comhairle Chontae na Mí 32 fógra truailliú uisce faoi Alt 12. Bhain 21 de na fógraí a seirbheáladh le truailliú ón talmhaíocht, agus bhain 11 fógra a seirbheáladh le humair mhúnlaigh.

6.6. Rialú Madraí

De réir an Achta um Rialú Madraí, 1986 agus 1992 ní mór do gach madra agus gach conchró do mhadraí cosanta a bheith ceadúnaithe, seachas na cinn a úsáideann na Gardaí, na Fórsaí Cosanta agus an tSeirbhís Custaim agus Máil. Ní mór ceadúnas a bheith ag gach úinéir dá m(h)adra. Caitear gach madra a choinneáil faoi smacht agus moltar do na húinéirí glanadh suas i ndiaidh a gcuid madraí.

Tá póna madraí Chomhairle Chontae na Mí lonnaithe ag Ráth na Maighdean, Baile Shláine, Co. na Mí. Ghabh maor madraí na Comhairle 668 madra a bhí ar strae agus nach raibh duine ar bith á n-iarraidh i 2009. Tugadh 124 madra chuig a gcuid úinéirí arís agus tugadh 488 madra ar ais go dtí an póna. Baineadh go leor de seo amach de bharr láithreán gréasáin an phóna madraí, a thugtar cothrom le dáta go laethúil, le mionsonraí faoi mhadraí a thugtar go dtí an póna chun fanacht ann nó chun iad a thabhairt le chéile lena gcuid úinéirí arís.

Líon ceadúnas eisithe: 4246

Líon ceadúnas ginearálta: 8 (10 madra nó níos mó

Líon fíneálacha eisithe: 66

6.7. Dumpáil Mhídhleathach Shuntasach

Lean an Chomhairle ar aghaidh ag leanúint suas roinnt cásanna stairiúla de dhumpáil mhídhleathach ar fud an chontae agus bhí dhá chás os comhair na hArd Chúirte i 2009. Caithfear a thabhairt ar aird go bhféadfadh caiteachas suntasach a bheith ar an gComhairle tríd an gcóras dlí.

6.8. Láithreáin Thréigthe

Tá sé do riachtanas ar an Chomhairle de réir dlí Clár do Láithreáin Thréigthe a bhunú agus a chothabháil. Déantar gach tuairisc ar thréigean a fhiosrú agus déantar fógraí rúin chun dul isteach ar an suíomh ar an gclár a sheirbheáil ar úinéirí/áititheoirí an tsuimh atá i gceist.

Go hachóimre – is éard is brí le láithreán tréigthe ná:

- Aon talamh a mbeadh foirgnimh air a bheadh tréigthe nó contúirteach.
- Aon talamh a bhíonn i ndroch-chaoi, droch-chuma air nó faillí déanta air.

- Aon talamh a bhfuil ábhar bruscair, dramhaíola, nó smionagair air, agus nach bhfuil aon chead nó ceadúnas ina leith lena leithéid d'ábhar a bheith ann.

Seo a leanas tábla ag cur síos ar staid an Chláir do Láithreáin Thréigthe ar an 31ú Nollaig 2009.

Area	Total DS Files	Awaiting Assessment	Works / complete	Awaiting Review Inspection	Warn Letter Issued or await Report	S 11 Notice issued	S8(2) Notice Issued	Notified for Alt' Action	Referred	DS Levy
Kells TC	52	4	29	13	1	0	1	0	4	
Kells Area	40	5	30	2	2	0	0	1	0	
Navan TC	21	0	2	14	2	3	0	0	0	
Navan Area	14	0	11	1	0	0	1	1	0	
Trim Area	37	6	24	3	4	0	0	0	0	
Slane Area	68	4	41	13	6	0	0	3	1	
Dunshau ghlin Area	30	7	14	2	6	0	0	0	1	
Totals	262	26	151	48	21	3	2	5	6	

6.9. Láithreáin Líonta Talún Stairiúla

Thiomsaigh Comhairle Chontae na Mí, i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus an Roinn Comhshaoil, Oidreacht agus Rialtais Áitiúil, clár Láithreán Líonta Stairiúla, idir láithreáin na Comhairle Chontae agus láithreáin i seilbh príobháideach, mar a éilítear de réir Alt 22 (dramhaíl neamh-ghuaiseach) agus Alt 26 (dramhaíl ghuaiseach) den Acht um Bainistiú Dramhaíola.

Tá na Láithreáin Líonta Talún Stairiúla roinnte idir Suímh a oibrítear go Príobháideach agus Suímh a oibrítear ag an Údarás Áitiúil. Tá 7 suíomh ann faoi láthair idir an dá chatagóir atá fo-roinnte i gcatagóirí riosca de réir na gcritéar measúnaithe riosca atá leagtha amach ag an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) ina cód cleachtas. Rinneadh measúnú i dtaca le teideal suímh, cleachtadh measúnaithe riosca deisce chomh maith le cuairt chuimsitheach ar an suíomh ar gach ceann de na suímh seo i 2009. Déanfar cinneadh cibé an mbeidh iniúchtaí breise dlíte ar aon cheann de na suímh sin ar bhonn cás ar chás.

6.10. Deontais Taitneamhachtaí

Soláthraíonn an Chomhairle cabhair do chumainn áitritheoirí agus grúpaí pobail chun a dtimpeallacht áitiúil a fheabhsú le béim faoi leith ar laghdú bruscair. D'eisigh an Chomhairle 160 Deontas Taitneamhachta i 2009.

6.11. Deontais Lomaire Faiche/Ciumhaisire

Tugann an Chomhairle cúnaimh do chumainn áitritheoirí agus do ghrúpaí pobail chun lomaire faiche nó ciumhaisire nua a bheadh á úsáid chun na spásanna oscailte agus na limistéir ghlasa



ina gceantar a chothabháil. Eisítear na deontais nuair a fhaightear cruthúnas ar cheannach. Eisíodh 17 deontas lomaire faiche/ciumhaisire i 2009.

6.12. Monatóireacht agus Forfheidhmiú Ginearálta

Lean monatóireacht agus forfheidhmiú leanúnach ginearálta maidir leis na sraitheanna rialachán seo a leanas i rith 2009: Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Boinn agus Dramh-Bhoinn)2007; Rialacháin WEEE 2005; Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Plaistigh Feirme) 2001; Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Pacáistiú) 2007; Rialacháin Dramhaíola Ceallra; agus Teastais Taispeántas Fuinnimh. Seo a leanas an ghníomhaíocht shuntasach maidir leo:

Rialacháin ar Thuaslagóirí: dheimhnigh an Chomhairle go raibh 13 oibreoir (arbh tirimghlantóirí ar fad iad) agus atá ag cloí leis na rialacháin ag feidhmiú.

Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Líonta Talún)2008 – I.R. Uimhir 199 do 2008:

Ón 31ú Nollaig 2009, d'ardaigh an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil an tobhach líonta talún go €25 in aghaidh an tonna ar gach tonna dramhaíola a dhéantar a dhiúscairt ag saoráidí líonta talún údaraithe (Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Líonta Talún) Leasú 2009). Rinne na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Líonta Talún) Leasú 2010 iad seo a leasú ina dhiaidh seo nuair a d'ardaigh siad an tobhach líonta talún go €30 in aghaidh an tonna ar gach tonna dramhaíola a dhéantar a dhiúscairt ag saoráidí líonta talún údaraithe. Tíocfaidh éifeacht leis na hathruithe seo ón 1ú Feabhra 2010.

Treoir Deco Paints: tá 23 úsáideoir VOC deimhnithe cláraithe leis an gComhairle.

6.13. Aer

6.13.1. Aer-theadúnú

Tá 13 sealbhóir ceadúnas astúcháin i gContae na Mí faoi láthair. I 2009 dheonaigh Comhairle Chontae na Mí 6 cinn de cheadúnais nua.

6.13.2. Gearáin

Fuair an Chomhairle 69 gearán a bhain le haer i 2009 agus rinneadh 45 díobh a fhiosrú agus a réiteach. Bhain tromlach na ngearán le dó dramhaíola baile ar chúl tithe..

6.14. Torann

Fuair an Chomhairle 40 gearán a bhain le torann i 2009. Tá méid na ngearán torainn ag ardú go mór gach bliain. Faoi Alt 108 den Acht fán Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992, is féidir le duine ar bith cás a thabhairt chuig an gCúirt Dúiche faoi núis de dheasca truailliú torainn. Leagadh an t-alt sin amach go sonrath chun deis a thabhairt do dhuine aonair nó do theaghlach rochtain níos tapúla a fháil chuig an gCúirt Dúiche má bhíonn deacrachtaí acu le comharsana maidir le torann agus cur as dóibh.

6.15. Cosaint Shibhialta

Is eagrais daonchairdiúil é Cosaint Shibhialta atá bunaithe ar dhaoine deonacha atá tiomanta fulaingt in am géarchéime a mhaolú. Tá Cosaint Shibhialta á riaradh ag an Udarás Áitiúil ar son an Rialtais agus le cabhair deontais suas de 70% ón mBord Cosanta Sibhialta. Cuireann daoine deonacha cúlta ar fáil freisin do na seirbhísí éigeandála chomh maith le ról tacaíochta pobail a chur ar fáil ag ócáidí áitiúla agus náisiúnta.

Oibríonn Cosaint Shibhialta ocht n-aonad traenála atá ionadbhunaithe ar fud an chontae. Tá breis is céad caoga comhalta deonach ann faoi láthair atá páirteach i dtraenáil agus ag cur seirbhís pobail ar fáil ag na hionaid seo a leanas atá lonnaithe i gCill Dhéagláin, i nDamhliag, i nDún Bóinne, i nDún Seachlainn, i gCeanannas, san Uaimh, sa Seanchaisleán agus i mBaile Átha Troim.

Bhí daoine deonacha páirteach go gníomhach ó thaobh a gcáilíochtaí garchabhrach a uasghrádú i rith na bliana chomh maith le cláir thraenála eile a leanúint i gcumarsáid, tarrtháil, leas agus scileanna comhraic dóiteáin. Ghlac foireann de sheisear daoine deonacha páirt san Fhreachnamh Náisiúnta a bhí ar siúl i nDroichead Átha a bhunaigh ról na heagraíochta atá leagtha síos sa Chreat do Mhóréigeandálaí le tacú leis na Príomh-Ghníomhaireachtaí Freagartha. Bhain triúr daoine deonacha cáilíochtaí teagascóra i ngarchabhair amach i rith na bliana, rud a mhéadaíonn cumas traenála na heagraíochta sa réimse sin.

I rith na bliana fuair an chosaint shibhialta fearas dóiteáin nua-aimseartha dara láimhe aicme B chun a gcumas traenála agus oibríochta a uasghrádú.

Sa timpeallacht eacnamaíochta atá ann faoi láthair tá ardú suntasach tagtha ar an líon daoine deonacha atá ag déanamh iarratais chun dul isteach san eagraíocht agus méadú suntasach ar an gcomhaltas i ngach ceann de na hionaid traenála.

6.16. Seirbhís Tarrthála agus Dóiteáin

Tá Seirbhís Tarrthála agus Dóiteáin Chomhairle Contae na Mí freagrach as an tseirbhís éigeandála agus dóiteáin a sholáthar do Chontae riaracháin na Mí, lena n-áirítear an trí chomhairle baile – An Uaimh, Baile Átha Troim & Ceanannas. Feidhmíonn Seirbhís Tarrthála agus Tine Chomhairle Contae na Mí go príomha faoi fhorálacha an Achta Seirbhísí Dóiteáin 1981 & 2003, chomh maith le reachtaíocht eile mar an tAcht um Rialú Foirgníochta 2007, na Rialacháin Rialaithe Foirgníochta 1997 - 2009, na Rialacháin um Shubstaintí Contúirteacha 1979, Na Rialacháin Deis Éalaithe 1985, agus An tAcht um Cheadúnú Imeachtaí Faoi Dhíon.

6.16.1. Oibríochtaí Dóiteáin

Tá Ceanncheathrú na Seirbhíse Dóiteáin lonnaithe ag an Stáisiún Dóiteáin ar Bhóthar na Mainistreach, san Uaimh. Tá sé stáisiún eile suite ar fud an chontae: i gCill Dhéagláin, i nDún Seachlainn, i gCeanannas, san Obair, sa Seanchaisleán, agus i mBaile Átha Troim. Cuireann Seirbhís Tarrthála agus Dóiteáin Chomhairle Chontae na Mí freagairt céad líne ar fáil do gach cineál práinne ar fud Chontae na Mí – áirítear orthu seo

- Dóiteáin in áitreabh baile/tráchtála/tionsclaíoch/tionóil
- Dóiteáin foraoiseachta/portaigh/féarach
- Timpistí Tráchtála Bóthair (RTCs)
- Cúnamh in Éigeandálacha Otharchairr
- Tuillte
- Tarrthálacha aibhneacha
- Éigeandálacha Guaise Comhshaoil
- Teagmhais Cheimiceán Ghuaiseach.

Leanadh le traenáil oibríochtúil Seirbhíse Dóiteáin agus tarrthála i rith 2009 agus mar chuid de sin bhí an traenáil comhraic dóiteáin caighdeánach a bhíonn ar súil gach seachtain ag leibhéal stáisiúin. Déanadh oiliúint athnuachana gaireas anáilithe do lucht múchta dóiteáin chomh maith le hOiliúint d'Iompar i nDóiteáin Urrainne a lean ar aghaidh i rith 2009 agus a chríochnófar i 2010. D'éirigh le cúigear earcach lucht múchta dóiteáin nua ina gcéad chúrsa earcach agus cúrsa d'úsáideoirí gaireas anáilithe agus tháinig siad isteach sa tseirbhís i 2009.

6.16.2. Fearas Nua

Rinneadh an Fearas Múchta Dóiteáin nua arna mhaoiniú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil ar costas thart ar €300,000 a sheachadadh go Stáisiún Dóiteáin Bhaile Átha Troim i 2009. Comhlíonann an fearas tarrthála agus comhraic



dóiteáin seo an tsonraíocht chaighdeánach náisiúnta d'Fearais Dóiteáin Aicme B agus is é an príomhfearas freagartha é i gceantar Bhaile Átha Troim – Baile Átha Troim, Cnoc an Linsigh, An Bóthar Buí, Baile Íomhair, Baile Átha Buí

Cheadaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maoiniú chomh maith i gcomhair fearas tarrthála tuairteála nua ar chostas de thart ar €75,000 agus seachadadh é seo chuig Stáisiún Dóiteáin na hUaimhe agus an tSeanchaisleáin. Tabharfaidh an trealamh seo fíorchúnamh freisin d'oibríochtaí Seirbhísí Tarrthála agus Dóiteáin ag Timpistí Tráchtá Bóthair.

Cheadaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil dhá fhearas dóiteáin eile do Sheirbhís Tarrthála agus Tine Chomhairle Chontae na Mí ina gClár Maoinithe Caipitil 2009 agus tá súil iad seo a bheith ar fáil roimh Shamhradh 2010.

6.16.3. Oifigí nua-bheartaithe do Stáisiún Dóiteáin na hUaimhe

Fuarthas maoiniú de €1.8 m ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i ndiaidh aighneacht Phlean breithmheasa agus réamhchéimeachchun cóiríocht riaracháin bhuan a sholáthar ag Ceanncheathrú na Briogáide Dóiteáin i Stáisiún Dóiteáin na hUaimhe. Beidh sé seo in áit na bpórtachabhán sealadach atá ann faoi láthair i gclós an stáisiúin dóiteáin agus soláthróidh siad cóiríocht agus saoráidí riachtanacha do chomhaltaí na foirne Seirbhíse Dóiteáin. Beidh an togra seo faoi réir ag maoiniú ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Fire Statistics – 2009

	Navan	Duns	Ashb	Trim	Kells	Oldc.	Nobber	Total
Domestic Buildings:								
Chimney Fire In Houses	24	4	8	38	31	8	6	119
Other House Fires	37	18	16	23	7	2	3	106
Apartments, Flats and Bedsitters	3	0	0	1	0	0	0	4
Caravans/Mobile Homes	3	0	0	1	0	0	0	4
Institutions:								0
Schools/hospitals/other.	0	0	0	1	0	2	0	3
Industrial:								0
Factories	3	0	2	0	1	0	1	7
Commercial:								0
Shops, Supermarkets	0	0	0	1	0	2	0	3



Restaurants	2							2
Hotels Guesthouses/Boarding Houses	2	0	0	0	0	0	0	2
Service:								0
Public Houses	1	1	1	0	0	0	0	3
Restaurants								0
Places of Public entertainemnt (discos/cinema's)	0	0	0	0	0	1	0	1
Other:								0
Motor Vehicles	50	22	45	33	15	5	9	179
Petrol Stations & Garages	0	1	1	0	0	0	0	2
Unoccupied Buildings	4	4	1	0	2	0	0	11
Agricultural Buildings	1	3	4	1	0	1	0	10
Forest/Bog/Grass, etc.	25	8	15	15	15	8	1	87
Outdoor Storage	8	0	4	4	1	0	0	17
Outdoor Rubbish	49	11	12	9	6	0	0	87
Miscellaneous	5	12	3	4	0	0	1	25
False Alarm Incidents								0
1. Malicious	18	3	6	3	1	0	0	31
2. Good Intent	65	28	45	31	22	11	6	208
Special Services								0
Road Traffic Accidents	33	26	34	19	13	9	12	146
Water Pumping Flooding	10	10	8	8	2	8	0	46
Hazardous Subs	8	2	4	9	4	0	0	27
Other Non-Fire Rescues	8	0	8	8	8	1	2	35
Miscellaneous:	14	9	6	7	3	5	4	48
TOTALS	414	181	195	196	118	64	45	1213

7. TITHÍOCHT

In ainneoin iliomad dúshlán ata curtha ag na cúinsí eacnamaíochta atá ann i láthair na huairé ós ár gcomhair agus na leithroinntí do thionscadail chaipitil go ginearálta a bheith íslithe, thug Rannóg Tithíochta Chomhairle Chontae na Mí chun cinn roinnt tionscadal ó leithroinnt caipitil iomlán de bheagán os cionn €30 milliún.

Seachadadh an Clár Caipitil Tógála Tithíochta do 2009 mar chuid de chlár ilbhliantúil rollta ag clúdach na mblianta 2008 – 2011. De bharr na gcúinsí athraithe buiséid i 2009 thosaigh an Clár Infheistíochta do Thithíocht Shóisialta ag dul i dtreo nua chun leanúnachas do sholáthar tithíochta ar bhonn inbhuanaithe a chinntiú, agus leis an bhfócas ar sholáthar tithíochta sóisialta sa toadhchá, ag luí le raon leathnaithe de roghanna soláthair neamhthógála, lena n-áirítear Léasú Sóisialta agus an Scéim Cóiríochta Cíosa. D'ardaigh an t-éileamh ar sheirbhísí tithíochta go suntasach i 2009 agus bhí ardú d'os cionn 70% ar na

liostaí feithimh tithíochta os cionn an fhigiúir mheasúnaithe do riachtanais tithíochta 2008. Thit na huimhreacha a bhí ar an liosta feithimh do thithíocht inacmhainne toisc na deacrachtaí a bhain le morgáiste a fháil agus díghostáíocht a bheith ag ardú. Chruthaigh sé sin deacrachtaí freisin don Rannóg Tithíochta maidir le hinacmhainní faoi úinéireacht na Comhairle nach raibh díolta ach de réir tionscnaimh polasaí nua de chuid na Roinne Comhshaoil aistríodh na haonaid seo chuig úsáidí eile lena n-áirítear léasú, Scéim Cóiríochta Cíos (RAS) agus úsáid shóisialta sa mhéid is gur íslíodh dliteanas na Comhairle ar Thithíocht Inacmhainne go dtí an íosmhéid roimh dheireadh 2009.

Lean an Rannóg Tithíochta leis an gclár chun an stoc tithíochta a uasghradú i 2009 agus iarracht a stoc de 2800 teach a thabhairt suas chuig caighdeán tógála nua-aimseartha, lena n-áirítear an clár Teasa Lárnaigh a chríochnú, fuinneoga agus doirse a athsholáthar, agus cothabháil a dhéanamh ar na coirí gáis. Cuid den chlár freisin ná obair a dhéanamh ar thithe folamha a raibh athchóiriú substaintiúil le déanamh orthu sa chaoi go mbeadh siad ar fáil le léasú go luath.

Ón gcéad lá d'Eanáir 2009, tá teastas Rátála Fuinnimh Foirgnimh (BER) ag teastáil de réir dlí i gcás gach foirgnimh, nuair a chuirtear ar fáil le díol nó ar cíos é. Is lipéad fuinnimh d'fhoirgnimh (cosúil leis an gceann a úsáidtear i láthair na huairé i bhfearais leictreacha) é an teastas Rátála Fuinnimh Foirgnimh. Déanann sé rátáil ar an bhfoirgneamh ó A1 (is éifeachtaí) go G (is lú éifeacht). Déanann an teastas cur síos ar úsáid fuinnimh agus astuithe carbóin bunaithe ar chaillteanas teasa trí chreatlach an fhoirgnimh (urláir, ballaí, díon agus fuinneoga) agus an fuinneamh atá ag teastáil do théamh spáis aerála, téamh uisce agus soilsíú. Déanadh cúig chomhalta de Rannóg Tithíochta na Comhairle a thraenáil, a mheasúnú agus a chlárú le Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann (SEI) i 2009 mar mheasúnóirí faoi théarmaí na scéime rátála BER.

Rinne an Rannóg Tithíochta na tionscadail seo a leanas a chríochnú nó a thabhairt chun cinn i 2009:

- Tithe nua leithdháilte ag Cnoc an Linsigh (29), Dún Uabhair (11), agus le 21 teach nua i nGarrán Áth Cinn, Ceanannas agus is athsholáthar tithe atá in 8 gcinn acu sin mar chuid den Scéim Oibre Athchóirithe.
- Críochnaíodh thrí theach aonair faoin tuath agus tá péire eile go maith chun cinn sa bhforbairt.
- Tá comhráite faoi bhealach le roinnt comhlachtaí Deonacha ó thaobh cóiríocht a chur ar fáil in áiteanna éagsúla sa Chontae.
- Siníodh conradh agus cuireadh tús le hoibreacha ar Ionad Acmhainní Pobail 400 Méadar cearnach i mBaile na Gaoithe – ar chostas de €1.15 milliún.
- Roghnaíodh conraitheoir don Scéim Oibre Athchóirithe ag Páirceanna an Bhaile, san Uaimh.
- Rinneadh aighneachtaí chuig an Roinn maidir le hiarratais ar mholtaí do na Scéimeanna Oibre Athchóirithe i gCúirt Alverno Inse agus Bailtíní Bhríde/Ardán Naomh Ultáin, an Uaimh.
- Críochnaíodh 18 Teach Inacmhainne ar thailte de chuid na Comhairle i mBaile na Gaoithe faoin Scéim Tithíochta Inacmhainne 1999.
- Seachadadh 127 Aonad Inacmhainne de réir comhaontuithe a déanadh faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 arna leasú..
- Seachadadh Tithe sóisialta faoi mheicníocht Chuid V.
- Déanadh os cionn 500 deontas do Dhaoine faoi Míchumas/Deisiúcháin Riachtanacha/Soghluaisteachta a phróiseáil agus leithroinneadh maoiniú ar 81 iarratasóir agus bhí caiteachas do os cionn aon mhilliún Euro i gceist.
- Glacadh le Clár Cóiríochta don Lucht Siúil don tréimhse 2009 -2013 mar a éilíonn an dlí.
- Obair athchóirithe ar Láithreán Staid Pháirc Naomh Proinsias, Baile na Gaoithe agus tá an Láithreán Staid ag Páirc Naomh Máirtín, Baile Átha Troim ag na céimeanna tosaigh pleanála.

7.1. Tionscnamh Léasa Tithíochta Sóisialta

Sheol an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (DOELG) an Tionscnamh Léasa Tithíochta Sóisialta I 2009. Cuireann tabhairt isteach léasaithe mar chineál soláthar tithíochta sóisialta méadú ar na roghanna chun cur le soláthar tithíochta sóisialta. Tugann léasú breis solúbthachta i gcomhdhéanamh an stoic tithíochta agus soláthraíonn deis do húdaráis tithíochta leas a bhaint as coinníollacha an mhargaidh chun cur le haschur agus éileamh tithíochta a chomhlíonadh ar shlí éifeachtach ó thaobh costais de. Cuireann an tionscnamh seo an polasaí maidir le Tithe a Sheachadadh, Pobail a Chothabháil chun cinn agus é ag baint amach pobail lena mbaineann tionachtaí measctha agus ioncaim mheasctha ag an dlús cuí agus ag rátaí áitiúcháin cuí agus ag seachaint comhchruinniú sóisialta. Soláthraíonn an tionscnamh trí chineál léasaithe:

- Údaráis Áitiúla ag léasú maoinne ó úinéirí príobháideacha do thréimhsí 10-20 bliain.
- Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe ag léasú ó úinéirí maoinne, ag ceannach ar an margadh nó ag tógáil maoinne agus á cur ar fáil do thithíocht shóisialta trí fíochán dhíreach agus comhaontú leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.
- Údaráis Áitiúla ag úsáid go sealadach stoc tithíochta inacmhainne nach mbíonn díolta.

Tá a gcuid Inacmhainne nach bhfuil díolta aistrithe ag Contae na Mí go dtí an Scéim Léasa agus tá siad i mbun comhráite le comhlachtaí deonacha agus eile i leith an dá rogha eile.

7.2. An Scéim Cóiríochta Cíos

Is ar mhaithe le daoine atá ag fáil forlíonta cíos (de ghnáth os cionn 18 mí) í an Scéim Cóiríochta Cíos, do dhaoine a bhfuil, i dtuairim an Údaráis Áitiúil, tithíocht fhadtéarmacha ag teastáil uathu. Cuireann an RAS rogha breise ar fáil do na húdaráis Tithíochta le freastal ar riachtanais chóiríochta na ndaoine sin. Tá Comhairle Chontae na Mí ag cur na scéime chun cinn go gníomhach agus tá fócas ar leith ar riachtanais daoine aonair atá faoi láthair ina gcónaí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos agus atá ar dhroch-chaighdeán.

7.3. Iniúchtaí ar Thithíocht Phríobháideach ar Cíos

Tháinig íoschaighdeán dlí nua i bhfeidhm do chóiríocht ar cíos ón 1 Feabhra 2009 lena chinntiú go bhfuil saoráidí sláintíochta, chomh maith le caighdeán nua-aimseartha i ndáil le stóráil bia, ullmhú bia, bruscar agus niochán, soilsíú agus aerú agus sábháilteacht dóiteáin i bhfeidhm i gcás gach cóiríochta ar cíos. Tá Comhairle Chontae na Mí ag cur clár iniúchtaí ar fáil do chóiríocht phríobháideach ar cíos le feabhas a chur ar chaighdeán sa Chontae.

7.4. Daoine gan Dídean

Cuireann Comhairle Chontae na Mí seirbhís ar fáil dóibh siúd atá gan dídean nó atá i gcontúirt a bheith gan dídean. Tá 2 oibrí For-Rochtana/Athlonnaithe fostaithe ag an gComhairle chun déileáil le tarluithe a bhaineann le daoine gan dídean.

Tá soláthar Brú do Dhaoine gan Dídean san Uaimh curtha chun tosaigh le soláthraí Seirbhíse aitheanta agus tá céimeanna á dtógáil anois chun suíomh oiriúnach a fháil don Bhrú.

7.5. Cóiríocht don Lucht Siúil

Ghlac Comhairle Chontae na Mí leis an bPlean Cóiríochta don Lucht Siúil 2009-2013 in Aibreán 2009. Leagtar amach ann straitéis 4 bliana maidir leis an gclár agus an cineál cóiríochta atá le cur ar fáil don lucht siúil. Casann an Coiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil le chéile ar bhonn ráithel agus déantar monatóireacht ar an dul chun cinn atá bainte amach maidir leis na spriocanna atá leagtha amach sa phlean.

7.6. Achaíodh Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 i Mí Iúil 2009

Is iad príomhfhórála an Achta a thugann na hAchtanna Tithíochta ar fad roimhe sin isteach in aon pháosa reachtaíochta amháin ná:

- Ullmhú Pleananna Seirbhíse Tithíochta agus Pleananna Gnímh Tithíochta a gcaithfear glacadh leo mar fheidhm fhorchoimeáda Chomhaltaí tofa na Comhairle
- Bunú Fóraim do dhaoine gan dídean agus ullmhú Pleananna Gnímh do dhaoine gan dídean.
- Measúnú ar an bPróiseas Riachtanais agus ar Scéimeanna Tosaíochtaí Ligin a thabhairt cothrom le dáta
- Glacadh le Straitéisí Iompair Fhrith-Shóisialta
- Forálacha nua le cur san áireamh sna Comhaontuithe Tionóntachta
- Caithfidh na Comhaltaí tofa glacadh le hAthbhreithnithe ar na Scéimeanna Cíos
- Soláthar bonn reachtaíochta don Scéim Cóiríochta Cíos
- Tabhairt isteach Scéim Ceannaigh Incriminteach Nua

8. ACHMHAINNÍ DAONNA

Thug an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil treoir do na húdaráis Áitiúla ar fad párolla agus costais riaracháin a laghdú i 2009. Tá roinnt tionscnamh éagsúil curtha i bhfeidhm chun é seo a bhaint amach:

- Earcaíocht a Scor (ach amháin poist a bhíonn ceadaithe go speisialta).
- Obair agus an fhoireann a athlonn agus a atheagrú.
- Gan folúntais sealadach a eascraíonn ó chuid den fhoireann a bheith ar neamhláithreachais fadtéarma a líonadh.
- Cur i bhfeidhm na Scéime Luathscoir Dreasaithe (ISER) agus na Scéime Sosa Gairme Dreasaithe
- A thuilleadh laghduithe sa ráta pá
- Saoire neamhíochta dheonach a thabhairt isteach.

8.1. Struchtúr Foirne

Laghdaíodh na huimhreacha san eagraíocht go mór de bharr thabhairt isteach an Moratorium Foirne i 2009, an Scéim Luathscoir Dreasaithe (ISER) agus an Scéim Sosa Gairme Dreasaithe. Déanadh roinnt ranna agus rannóga a athstruchtúrú dá bharr seo chun a chinntiú go leanfadh na leibhéil seirbhíse dár gcuid custaiméirí atá ann ar aghaidh. D'eagraigh agus réachtáil Acmhainní Daonna comórtais d'fholúntais a bhí riachtanach a líonadh i.e. Pearsanra Seirbhíse Dóiteáin agus Gardaí Tarrthála Trá Sealadacha. Níor athnuadh 34 conradh téarma sheasta fostaíochta sealadacha.

8.2. Tuairisceáin Foirne

Briseadh síos na foirne de réir earnála ó mhí na Nollag 2009 agus a cuireadh isteach ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil:

Briseadh síos ar an bhfoireann de réir earnála

Earnáil	Uimhir	WTE
Bainistíocht	8	8
Riarachán	311	280
Innealtóireacht/Teicniúil	114	113.8
Oibríochtúil/Lasmuigh	243	224
Conradh	86	74.84
Lucht Dóiteáin	69	10.65
Neamh DoEHLG	2	2
Iomlán	833	713.29

Nollaig 2009

Mar chomparáid, ba é an líon iomlán foirne ag an tráth céanna i 2008 ná 939 le WTE ag 812.69.

8.3. Aoisliúntas

Tháinig méadú mhór ar an líon iarratas ar Ráitis Shochair i 2009 de bharr an fhoireann a bheith ag déanamh iniúchadh ar a gcuid roghanna faoin Scéim Luathscoir Dreasaíthe. Seo a leanas briseadh síos ar na gníomhaíochtaí aoisliúntais ar déileáladh leo sa bhliain 2009:

Table 4. Briseadh síos ar ghníomhaíochtaí aoisliúntais

Gníomhaíocht	Uimhir i 2009
Léiriú Spéise i ISER	28
Scoir ar ISER	4
Scoir faoi Luathscoir Costais Neodraigh	4
Daoine a chuaigh ar scor ó Údarás Áitiúla na Mí	35
Aiscí Lucht Briogáide Tine	5
Aiscí do dhaoine neamhinphinsin	4
CGO – Íocaíocht aonuaire agus ríomh pinsin	14
Sochair Chaomhnaithe	Nil
Líon iomarcaíochta	27

Ba €1,845,703.61 an chnapshuim scoir iomlán a íocadh le foireann Údarás Áitiúil na Mí in 2009 agus íocadh €1,129,698.99 de chnapshuimeanna le foireann ón CGO a chuaigh ar scor.

8.4. Saoire Foirne

Tugadh isteach Scéim Bliana Oibre níos giorra nua go náisiúnta i 2009. Tagann an scéim seo in áit scéim am téarma agus tugann deis don fhoireann saoire neamhíochta trí sheachtain déag a thógáil in aghaidh na bliana. Faoin scéim seo thóg an fhoireann 91 seachtain do shaoire neamhíochta i 2009.

Bhain triúr ball foirne leas as an Scéim Sosa Gairme Dreasaíthe.

Táscaire Saoire Breoiteachta do 2009:

Céatadán laethanta oibre a cailleadh de bharr neamhláithreachta breoiteachta deimhníodh' – 2.78 %

Céatadán laethanta oibre a cailleadh de bharr neamhláithreachta breoiteachta 'neamhdheimhnithe' 0.54 %

8.5. An Tionscadal Párolla Náisiúnta

Lean Comhairle Chontae na Mí ina ról mar ceann de na suímh piolótacha don chóras nua Aoisliúntais & Párolla Náisiúnta AD i rith 2009. Chomhlíon Foireann Tionscadail AD cumraíocht

agus tástáil na modúl Pearsanra Croiláir, Párolla, Aoisliúntas, Am & Tinreamh/Saoire agus Earcaíocht, modúil a cuireadh i bhfeidhm den chuid is mó i rith na bliana. Déanadh dul chun cinn leis an gClárú Sonraí agus Cumraíochta don mhodúl Aoisliúntais, agus súil dul beo i 2010. Comhlíonfar an modúl Am & Tinreamh/Saoire don chuid eile den fhoireann i 2010.

8.6. Polasaithe & Nósanna Imeachta AD

Faoi láthair tá 5 pholasáí AD á bhfeidhmiú ag Údarás Áitiúla na Mí. Cuireadh i bhfeidhm an chuid is déanaí díobh sin, an Polasaí Cosanta Leanáí agus Polasaí Tinrimh a Bhainistiú i 2009. Chríochniagh an LGMSB agus na comhpháirtithe obair ar Pholasáí nua maidir le Dínit ag an Obair agus scaipfear é ar Fhoireann Údarais Áitiúla na Mí ar fad i rith 2010.

8.7. Leas Foirne

Cuireann Údarais Áitiúla na Mí leas a gcuid fostaithe chun cinn trí pholasaithe agus tionscnaimh éagsúla, i.e. vacsaíniú in aghaidh an fhliú don fhoireann agus cuir i láthair ar chúrsaí sláinte. Tugadh cuireadh do na fostaithe ar fad páirt a ghlacadh i 'Suirbhé ar Fholláine san Ionad Oibre' chun ábhair suime agus/nó imní don fhoireann a aithint. I gcomhar le Comhpháirtíocht san Ionad Oibre, ceapadh Aibreán 2009 le bheith tiomanta do Thuiscint ar Mhéala. Tairgeann Údarais Áitiúla na Mí cúnamh do bhaill fóirne nach mbíonn a gcuid conraí fostaíochta á athnuachan maidir le nithe a bheadh ag déanamh imní dóibh ó thaobh fostaíochta a bheith á scor.

8.8. Oiliúint agus Forbairt

Lean infheistíocht in oiliúint foirne i 2009 ag teacht leis an riachtanas náisiúnta ag 3% de chostais phárolla. Bhí fócas níos mó ar oiliúint sláinte agus sábháilteachta i 2009. Léiríonn an tábla seo a leanas an céatadán a caitheadh ar oiliúint i 2009 mar chéatadán den phárolla iomlán.

Riachtanas	Feidhmíocht maidir leis an bhfoireann Iomlán	Feidhmíocht maidir le Go & Gráid lena mBaineann
3 %	4.7 %	5.15 %

Comhghairdeas lenár fostaithe ar fad a bhain cáilíochtaí amach i raon leathan discipline ó Riarachán Rialtais Áitiúil, IT, Sláinte & Sábháilteacht srl.



9. TEICNEOLAÍOCHT AN EOLAIS

I 2009, bhí an Rannóg Córas Faisnéise ag díriú ar Fheabhas ar an bPróiseas Gnó agus an eagraíocht ag iarradh Réitigh TE a úsáid chun tuilleadh a dhéanamh ar bheagán. Rinneadh infheistíocht freisin in iontaofacht córas agus slándála níos fearr agus iad ag éirí níos lárnaí chun gach gné den Chomhairle a reachtáil. D'éirigh le TE costais leanúnacha na heagraíochta i réimsí ar nós teileafónaíochta, idiú cumhachta agus úsáid páipéir a laghdú go suntasach.

Príomh - Ghnóthachana:

- *AD & Córas Párolla*
Feidhmíodh na príomh- mhodúil den chóras Párolla agus Acmhainní Daonna, lena n-áirítear Párolla agus Am agus Láithreacht don fhoireann in-tí. Leanfaidh foireann allamuigh i 2010, in éineacht le cur i bhfeidhm modúl Aoisliúntais.
- *Riarachán Pleanála*
Feidhmíodh córas bainistíochta Ranníocaíochta Forbartha nua.
 - *GPS Bruscair*
Tá ráta ratha níos airde ó thaobh an méid fineálacha agus ionchúiseamh ata bainte amach trí mhodhanna níos fearr tuairiscí bruscair a ghabháil.
- *Bunachar Sonraí Soilse Poiblí*
Tugann comhlíonadh fardail sócmhainní soilse poiblí agus cur i bhfeidhm feidhme bainistíochta an deis dúinn ár sócmhainn soilse poiblí a bhainistiú níos fearr.
- *Eolaire Gnó na Mí*
Is Eolaire Gnó Ar-líne é Eolaire Gnó na Mí atá deartha chun go mbeidh úsáideoirí ábalta gnóthai i gCo. na Mí a lorg. Tá úinéirí gnó ábalta freisin cur lena gcuid sonraí gnó san Eolaire nó iad a thabhairt cothrom le dáta.
- *Meastóireacht ar Riachtanas Tithíochta*
Déanadh forbairt ar fheidhm nua chun próiseas a thógadh 5 mhí oibre roimhe sin a laghdú síos go dtí idir 3-4 seachtainí.
- *Teileafónaíocht*
Leathadh amach córas nua teileafónaíochta in Áras an Chontae agus in oifigí eile a cheadaíonn glaonna saor in aisce idir na hoifigí uile agus cuireann sé cumas comhoibríthe níos fearr ar fáil. I réimse na teileafonaíochta soghluaiste déanadh sábháiltí substaintiúla trí thairiscint ar rátaí ciosa nua agus muirir ghlaonna.
- *Tomhaltais Chumhachta*
Cheadaigh cur i bhfeidhm timpeallacht fíorúlaithe laghdú ar an líon freastalaithe ríomhaire a bhí ag teastáil, agus laghduithe ar idiú cumhachta dá bharr. Bainfidh an tionscnamh seo amach níos mó leasa fiú i 2010 agus na freastalaithe atá fágtha á gcomhdhlúthú. Ceannaíodh agus cuireadh i bhfeidhm PC bainistiú cumhachta freisin chun a thuilleadh laghduithe fós in idiú cumhachta a bhaint amach.

10. INFRASTRUCHTÚR

10.1. *Bóithre*

10.1.1. **Bóithre Náisiúnta a Thrasnaíonn Co. na Mí**

Seachbhóthar Shláine	Dearadh leasaithe, EIS agus CPO foilsithe i Nollaig, 2009.
Mótorbhealach M3 Chluain Aodha/ó Thuaidh do Cheanannas	Á thógáil agus le hoscailt i Meitheamh 2010
N2 Cill Dhéagláin-Baile Átha Fhirdhia	Staidéar Teoranta ag leanúint
Céim 2B de Bhóthar Faoisimh Laistigh na hUaimhe (Bóthar Cheanannais go dtí Bóthar Bhaile Átha Buí)	Oibreacha críochnaithe agus bóthar oscailte.
N2 Bhaile an Phríomháidh	Oibreacha críochnaithe
Athailiniú ar N51 ag Dún Mó	Á thógáil, agus súil a bheith críochnaithe i Meitheamh 2010
Oibreacha Cosán agus Oibreacha Feabhsúcháin	N3 Lios Cartáin- Baile Thancaird N3 Cill an Chairn / Dústún N51 Halltown

10.1.2. **Bealaí i gCo. na Mí nach Bealaí Náisiúnta iad**

Céim 2 den R158 Baile Átha Troim/Cnoc an Línsigh/Cill Choca (Cnoc an Línsigh go dtí Cill Choca)	Oibreacha críochnaithe
Céim 2 den R150 Damhliag/Baile Iúiliáin (Cill Searbháin go dtí Baile Iúiliáin)	Oibreacha críochnaithe
R161 Baile Átha Troim/An Uaimh	Oibreacha beagnach críochnaithe
R154 Baile Phádraig, an Seanchaisleán	Oibreacha beagnach críochnaithe
R162 Leathnú Dhroichead na hOibre	Oibreacha críochnaithe
Sráid Chonnacht, Baile Átha Buí	Oibreacha ag leanúint
Feabhsúchán Shráidbhaile	An chuid is mó de na hoibreacha



Baile an Cheantaigh	críochnaithe
---------------------	--------------

10.1.3. Scéimeanna Bóthair ag an gCéim Phleanála/Dhearaidh

- N3/R161 (Gleann Ghort an Tobair go dtí Bóthar Bhaile Átha Troim, An Uaimh)
- R160 Baile Átha Troim / Bóthar Mhaigh Dearmhaí
- R157 Maigh Nuad / Bóthar Dhún Búinne (Maigh Gadaí)
- Bóthar Bhaile an Cheantaigh go dtí Bóthar na Bóinne
 - R150 Seachbhóthar Dhamhliag
- R156 Dún Búinne – Cnoc an Linsigh

10.2. Seirbhísí Uisce

Is éard atá i gceist le Clár Seirbhísí Uisce Chomhairle Chontae na Mí:

- Mórchlár Infheistíochta Caipitil
- An Clár Uisce Tuaithe

10.2.1. Scéimeanna a Críochnaíodh/a bhí ar Bun i rith 2009

- **Mórscéim Fuíolluisce Ghrúpáilte**
Soláthar córas cóireála agus líonraí bailiúcháin do Dhamhliag, Cnoc an Linsigh, Cill Mhaighneann, Maigh nEalta, Dún Uabhair, Baile Átha Buí, Ráth Chairn agus Ráth Moliain.
Oibreacha ar siúl go leanúnach in 2009. Is é €57m costas na scéime.
- **Scéimeanna Séarachais Chill Dhéagláin/Ráth Tó/Chill Bhríde - Céim 2**
Uasghrádú agus leathnú an chórais reatha fuíolluisce ag na suíomhanna seo.
Oibreacha ar siúl go leanúnach in 2009 agus tabharfar chun críche iad in 2010 ar chostas €14m
- **Scéim Séarachais Chill Táile**
Soláthar stáisiúin nua chaidéalaithe agus líonra don sráidbhaile
